AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 13 Feabhra 2026
(OR. en)

2025/0045(COD) | PE-CONS 66/25

SIMPL 217
ANTICI 219
ECOFIN 1788
EF 429
DRS 101
COMPET 1381
FIN 1586
COH 258
CODEC 2180

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach |

**TREOIR (AE) 2026/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE,**
**(AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760**
**a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe**
**maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach**
**agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 50 agus 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C, C/2025/4212, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4212/oj.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 dar teideal 'Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú', leag an Coimisiún amach fís do chlár oibre maidir le cur chun feidhme agus simpliú lena gcuirtear feabhsuithe tapa infheicthe ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí ar an láthair. Tá níos mó ná cur chuige céim ar chéim ag teastáil chuige sin agus ní mór don Aontas gníomhú go ceannasach chun an sprioc sin a bhaint amach. Beidh ar an gCoimisiún, ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle, ar údaráis na mBallstát ar gach leibhéal agus ar gheallsealbhóirí oibriú le chéile chun rialacha an Aontais, rialacha náisiúnta agus rialacha réigiúnacha a chuíchóiriú agus a shimpliú agus chun beartais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí.

(2) I gcomhthéacs ghealltanas an Choimisiúin ualaí tuairiscithe a laghdú agus an t-iomaíochas a fheabhsú, is gá leasú a dhéanamh ar Threoracha 2006/43/CE[3], 2013/34/AE[4], (AE) 2022/2464[5] agus (AE) 2024/1760[6] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus na cuspóirí beartais a shonraítear i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip], ('an Comhaontas Glas don Eoraip') agus i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2018 dar teideal Action Plan: Financing Sustainable Growth (the 'European Green Deal') [Plean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú] (an Plean Gníomhaíochta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe) á gcoinneáil ar bun an tráth céanna.

---

3 Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/43/oj).

4 Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

5 Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj).

6 Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

(3) I bhfianaise an athraithe ar raon feidhme na ngnóthas a bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta, tá sé díréireach a cheangal go mbeadh gnólachtaí iniúchóireachta ar mian leo dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh faoi réir ceanglais formheasa atá coibhéiseach leis na ceanglais le haghaidh gnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann iniúchtaí ar ráitis airgeadais. Baineann na ceanglais formheasa sin le daoine nádúrtha a dhéanann an obair thar ceann an ghnólachta iniúchóireachta, tromlach na gceart vótála atá i seilbh an ghnólachta iniúchóireachta agus tromlach na gcomhaltaí de chomhlacht riaracháin nó bainistíochta an ghnólachta iniúchóireachta. Níor cheart go mbeadh ar ghnólachtaí iniúchóireachta ar mian leo dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh ach a áirithiú go n-ainmneoidh siad príomh-chomhpháirtí inbhuanaitheachta amháin ar a laghad, ar comhpháirtí é a chomhlíonann na ceanglais chun críocha formheasta agus atá formheasta mar iniúchóir reachtúil sa Bhallstát lena mbaineann.

(4) Le hAirteagal 26a(1) de Threoir 2006/43/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta an tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le dearbhú teoranta atá le glacadh ag an gCoimisiún faoin 1 Deireadh Fómhair 2026. Is ábhar imní do ghnóthais é an obair a dhéanann na soláthraithe dearbhúcháin, agus maíonn siad go bhfuil gá le solúbthacht chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha agus na saincheisteanna criticiúla atá sainaitheanta i réimse an dearbhaithe inbhuanaitheachta. Ba cheart don Choimisiún na hábhair imní sin a chur san áireamh agus é ag obair ar na caighdeáin dearbhúcháin theoranta. Cuireann an easpa caighdeán dearbhúcháin comhchuibhithe leis na fadhbanna a bhíonn ag gnóthais, agus, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndeánfadh an Coimisiún gníomh tarmligthe oiriúnach a ghlacadh. Chun dóthain ama a lamháil chun na caighdeáin dearbhúcháin theoranta a fhorbairt, ba cheart an sprioc-am lena nglacadh a chur siar go dtí an 1 Iúil 2027.

(5) Le hAirteagal 26a(3), an dara fomhír, de Threoir 2006/43/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin dearbhaithe réasúnaigh a ghlacadh faoin 1 Deireadh Fómhair 2028, tar éis measúnú a dhéanamh ar an indéantacht d'iniúchóirí agus do ghnóthais. Chun méadú ar chostais an dearbhaithe le haghaidh gnóthas a sheachaint, ba cheart fáil réidh leis an gceanglas maidir le caighdeáin dearbhaithe réasúnaigh a ghlacadh.

(6) Le hAirteagal 45 de Threoir 2006/43/CE, ceanglaítear ar údaráis inniúla Ballstáit iniúchóirí tríú tír agus eintitis iniúchóireachta a eisíonn tuarascálacha dearbhúcháin a chlárú maidir le faisnéis inbhuanaitheachta eintiteas tríú tír a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte sa Bhallstát sin. Baineann na coinníollacha maidir le clárú den sórt sin leis na ceanglais atá le comhlíonadh ag tromlach na gcomhaltaí de chomhlacht riaracháin nó bainistíochta an eintitis iniúchóireachta tríú tír, leis na ceanglais atá le comhlíonadh ag an iniúchóir tríú tír, leis na caighdeáin dearbhúcháin atá le húsáid agus le foilsiú tuarascála bliantúla trédhearcachta arna dhéanamh ag an eintiteas iniúchóireachta tríú tír. Thairis sin, tá na Ballstáit le hiniúchóirí cláraithe tríú tír agus eintitis iniúchóireachta chláraithe a chur faoi réir a gcóras formhaoirseachta, a gcóras dearbhúcháin cáilíochta agus a gcóras imscrúdúcháin agus pionós. Agus an tírdhreach idirnáisiúnta reatha maidir le rialáil an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus dearbhú an tuairiscithe sin á gcur san áireamh, agus ós rud é go bhfuil gá le clárú le haghaidh bhailíocht na dtuarascálacha dearbhúcháin laistigh den Aontas, bheadh sé díréireach a cheangal na coinníollacha clárúcháin sin a bheith comhlíonta sna chéad bhlianta de chur i bhfeidhm an chórais dearbhúcháin inbhuanaitheachta. Ina theannta sin, braitheann an fhormhaoirseacht a dhéantar ar iniúchóirí agus eintitis iniúchóireachta tríú tír chláraithe ar chinntí coibhéise agus/nó cinntí leordhóthanachta a bheith ann. Dá bhrí sin, ar feadh idirthréimhse, ba cheart coinníollacha clárúcháin simplithe agus díolúine ó fhormhaoirseacht a thabhairt d’iniúchóirí tríú tír agus d’eintitis iniúchóireachta a eisíonn tuarascálacha dearbhúcháin maidir le faisnéis inbhuanaitheachta eintiteas tríú tír a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte i mBallstát. Ba cheart an clárú simplithe a bheith indéanta ar choinníoll go gcuirtear faisnéis áirithe ar fáil d’údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann. Ba cheart do na húdaráis inniúla diúltú don clárú mura gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil.

(7) Le hAirteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar ghnóthais mhóra, agus ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, cé is moite de mhicreaghnóthais, a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar leibhéal an ghnóthais aonair. Sa tuarascáil dar teideal ‘The future of European competitiveness’ [Todhchaí iomaíochas na hEorpa], sainaithníodh an creat tuairiscithe inbhuanaitheachta mar ‘cúis mhór ualaigh rialála’, agus thángthas ar an gconclúid i ndáil leis sin go raibh ‘gá le breithniú níos fearr a dhéanamh ar mhéid na gcuideachtaí a ndéanann an rialáil difear dóibh’. Chun an t-ualach tuairiscithe ar ghnóthais a laghdú agus chun na cuspóirí i ndáil le tuairisciú ar bhealach níos comhréirí a bhaint amach, maidir leis an oibleagáid i dtaca le tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar leibhéal an ghnóthais aonair, ba cheart í a theorannú do ghnóthais ag a bhfuil glanláimhdeachas níos mó ná EUR 450 000 000 agus ag a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, mar a shainmhínítear sna bearta náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2013/34/AE. Áiritheofar leis an raon feidhme níos spriocdhírithe sin, ar cheart feidhm a bheith aige freisin maidir le grúpaí agus eisitheoirí, go mbeidh ualach an tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantaigh teoranta do na gnóthais, na grúpaí agus na heisitheoirí is mó. Is iad na gnóthais, na grúpaí agus na heisitheoirí sin na cinn is suntasaí ó thaobh tionchair chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (CSR). Ag an am céanna, is iad is mó atá in ann na costais a bhaineann le tuairisciú CSR a sheasamh. Tá sé de shaoirse i gcónaí ag gnóthais, grúpaí agus eisitheoirí atá faoi bhun na dtairseach sonraithe tuairisciú inbhuanaitheachta deonach a dhéanamh, ar féidearthacht í a éascaítear go suntasach leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach a thugtar isteach leis an Treoir seo.

(8) Le hAirteagal 1(3) de Threoir 2013/34/AE, sonraítear, maidir le gnóthais árachais agus institiúidí creidmheasa atá ina ngnóthais mhóra nó ina ngnóthais bheaga nó mheánmhéide, cé is moite de mhicreaghnóthais, a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, go bhfuil siad faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach sa Treoir sin, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil. Ós rud é go laghdaítear raon feidhme an tuairiscithe inbhuanaitheachta ar leith, ba cheart an teorannú sin ar raon feidhme a chur i bhfeidhm maidir le gnóthais árachais agus institiúidí creidmheasa freisin.

(9) Ar mhaithe le comhleanúnachas ar fud na reachtaíochta airgeadais inbhuanaithe a áirithiú, tá sé tábhachtach a mheas an bhfuil ceanglais a bhaineann le CSR nó inbhuanaitheacht don earnáil airgeadais, lena n-áirítear reachtaíocht earnáilsonrach maidir le seirbhísí airgeadais, ionchais na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEnna) agus ionchais mhaoirseachta ar an leibhéal náisiúnta le leagan amach nó le hoiriúnú ar bhealach lena n-áirithítear comhsheasmhacht leis na hoibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2013/34/AE. Chun comhleanúnachas a choinneáil ar bun, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le gnóthais nach dtagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE, ní mór a bheith ar an airdeall i gcónaí agus d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le gníomhaíocht ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó ÚME.

(10) Cé go bhfuil an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (SECA) a bunaíodh le Creat-Chomhaontú SECA díolmhaithe ón gcóras um thuairisciú inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] de bhun Airteagal 8 di, tá SECA faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2013/34/AE. D'ainneoin SECA a bheith ina ghnóthas mór a ionchorpraítear i bhfoirm dhlíthiúil a liostaítear sa Treoir sin, tá sainordú ag SECA,, atá cosúil, ar an iomlán, le sainordú an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh (SCE), is é sin, an chobhsaíocht airgeadais san Aontas a chosaint trí chúnamh airgeadais sealadach a sholáthar do Bhallstáit arb é an euro a n-airgeadra. Mar sin féin, níl SCE faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, chun go dtairbheoidh SECA den chóir chéanna a dtairbhíonn SCE di a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta, agus chun críoch comhsheasmhachta leis an gcóras díolúintí dá bhforáiltear le Treoir 2004/109/CE, ba cheart SECA a dhíolmhú ón gcóras um thuairisciú inbhuanaitheachta dá bhforáiltear le Treoir 2013/34/AE.

---

7 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 39, 31.12.2004, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/109/oj).

(11) Le hAirteagal 19(1), an ceathrú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar ghnóthais mhóra, agus ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, cé is moite de mhicreaghnóthais, eadhon na gnóthais atá faoi réir an tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantaigh, faisnéis a thuairisciú maidir le príomhacmhainní doláimhsithe agus a ról i samhail ghnó agus i gcruthú luacha an ghnóthais. Chun comhsheasmhacht leis an raon feidhme nua a áirithiú agus chun cuspóirí an tuairiscithe sin a bhaint amach ar bhealach níos comhréirí, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin ach amháin maidir le gnóthais ag a bhfuil glanláimhdeachas níos mó ná EUR 450 000 000 agus ag a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais.

(12) Le hAirteagal 19a(3) de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar ghnóthais faisnéis a thuairisciú faoina n-oibríochtaí féin agus faoina slabhra luacha. Tá fianaise ann go bhfaigheann gnóthais sa slabhra luacha, lena n-áirítear gnóthais bheaga agus mheánmhéide, iarrataí díréireacha ar fhaisnéis ó ghnóthais tuairiscithe, d’ainneoin na dteorainneacha atá ann cheana a shonraítear sa Treoir sin. Is gá, dá bhrí sin, cosaintí a thabhairt isteach do ghnóthais sa slabhra luacha nach bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán acu le linn na bliana airgeadais roimhe sin chun an t-ualach atá ar na gnóthais sin (‘na gnóthais faoi chosaint’) a theorannú. Ba cheart do ghnóthais tuairiscithe a bheith in ann brath ar fhéindearbhú arna eisiúint ag gnóthais ina slabhra luacha chun méid na ngnóthas sin a chinneadh. Níor cheart é a bheith riachtanach don ghnóthas tuairiscithe aon fhíorú breise a dhéanamh. Mar sin féin, níor cheart don ghnóthas tuairiscithe brath ar mhéid féindearbhaithe a bhfuil a fhios aige ina leith, nó ar féidir coinne réasúnta a bheith leis go mbeadh a fhios aige, gur follasach go bhfuil sé mícheart. Agus iad ag iarraidh faisnéis a fháil faoina slabhra luacha, ba cheart toirmeasc a chur ar ghnóthais tuairiscithe faisnéis a sháraíonn teorainneacha áirithe a éileamh ar ghnóthais faoi chosaint. Ba cheart na teorainneacha sin a bheith ina léiriú ar na teorainneacha a shonraítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach atá le glacadh ag an gCoimisiún. Ag an am céanna, ba cheart ceart reachtúil a thabhairt do ghnóthais faoi chosaint i slabhra luacha na ngnóthas tuairiscithe diúltú faisnéis a sholáthar a sháraíonn na teorainneacha sin. Chun éifeachtacht an chirt sin a áirithiú agus chun nach gcuirfear ualach ar ghnóthais bheaga measúnú réamhghníomhach a dhéanamh i dtaobh an bhfuil feidhm ag an gceart sin, maidir le gnóthais tuairiscithe a roghnaíonn faisnéis a iarraidh a sháraíonn na teorainneacha sin, ba cheart a cheangal orthu a áirithiú go gcuirtear gnóthais faoi chosaint ar an eolas faoi cén fhaisnéis bhreise a iarrtar agus faoina gceart reachtúil diúltú í a sholáthar.

Chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart do raon feidhme na ‘caidhpe slabhra luacha’ sin a bheith teoranta ar na bealaí seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, níor cheart di toirmeasc a chur ar chomhroinnt faisnéise ar bhonn deonach, amhail faisnéis a chomhroinntear go coitianta idir gnóthais in earnáil ar leith. Ar an dara dul síos, níor cheart di difear a dhéanamh d’aon oibleagáid a d’fhéadfadh a bheith ann, cibé acu an oibleagáid conarthach nó oibleagáid faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta í nó nach ea, maidir le faisnéis a sholáthar nach mó í ná an fhaisnéis a shonraítear sa chaighdeán deonach. Ar an tríú dul síos, níor cheart feidhm a bheith ag an gcaidhp slabhra luacha ach amháin maidir le bailiú faisnéise a dhéantar chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú mar a cheanglaítear le Treoir 2013/34/AE. Níor cheart di difear a dhéanamh do cheanglais an Aontais próiseas díchill chuí nó bailiú faisnéise a dhéantar chun aon chríche eile a dhéanamh, mar shampla le haghaidh bhainistiú riosca an ghnóthais tuairiscithe. Gnóthais a thuairiscíonn i gcomhréir leis na teorainneacha sin, ba cheart a mheas go bhfuil an oibleagáid á comhlíonadh acu faisnéis slabhra luacha a thuairisciú mar a cheanglaítear le Treoir 2013/34/AE. Tá sé tábhachtach nach n-iarrfadh gnóthais tuairiscithe faisnéis ar ghnóthais ina slabhra luacha ach amháin a mhéid is gá. Go háirithe, tá sé tábhachtach go n-iarrfadh siad níos lú faisnéise ná an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach mura bhfuil an fhaisnéis uile sna caighdeáin sin ag teastáil uathu. Agus a dtuairim dhearbhaithe á hullmhú ag soláthraithe dearbhúcháin, ba cheart dóibh na cosaintí a thugtar do ghnóthais sa slabhra luacha a urramú. Thairis sin, ag aithint dó go bhféadfadh sé nach mbeadh an fhaisnéis uile is gá ar fáil i gcónaí ó ghnóthais sa slabhra luacha, ba cheart don ghnóthas tuairiscithe a bheith in ann na ceanglais tuairiscithe maidir le faisnéis slabhra luacha a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as faisnéis a fhaightear go díreach ó ghnóthais ina shlabhra luacha nó as meastacháin ar an bhfaisnéis sin de réir mar is iomchuí.

(13) I bhfianaise an athraithe ar shraith na ndátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach i dTreoir (AE) 2022/2464, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú chun an idirthréimhse 3 bliana a shimpliú agus a shoiléiriú go dtosaíonn sí an tráth a cheanglaítear ar ghnóthas faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú i gcomhréir le Treoracha 2013/34/AE agus (AE) 2022/2464.

(14) Tá imthosca ann inar cheart a cheadú do ghnóthais, faoi réir dearbhú, faisnéis áirithe a fhágáil ar lár agus na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta á gcur i bhfeidhm acu. Ba cheart imthosca den sórt sin a fhorbairt agus a shoiléiriú. Ar an gcéad dul síos, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh nochtadh faisnéise inbhuanaitheachta dochar tromchúiseach a dhéanamh do sheasamh tráchtála gnóthais. Sna cásanna sin, ba cheart cead a bheith ag an ngnóthas an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha sonracha maidir leis an bhfaisnéis a fágadh ar lár chun a áirithiú go leanfaidh na cásanna sin de bheith eisceachtúil agus go ndéanfar leasanna úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta tuairiscithe a chosaint go leormhaith freisin. Sa chomhthéacs sin, ní dochar tromchúiseach do sheasamh tráchtála an ghnóthais tuairiscithe é nach gceanglaítear ar ghnóthais tríú tír an fhaisnéis chéanna a thuairisciú. Ar an dara dul síos, ba cheart do ghnóthais a bheith in ann faisnéis a chomhfhreagraíonn do chaipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil, fios gnó, faisnéis theicneolaíoch nó torthaí nuálaíochta, a cháileodh mar rúin trádála mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], a fhágáil ar lár. Ar an tríú dul síos, ba cheart do ghnóthais a bheith in ann faisnéis rúnaicmithe a fhágáil ar lár. Ar deireadh, d'fhéadfadh faisnéis a bheith ann ar cheart í a choinneáil faoi rún ar chúiseanna nach mbaineann le dochar tráchtála, rúndacht trádála ná le haicmiúchán. Go háirithe, ba cheart an tsaoirse a bheith ag gnóthais faisnéis a fhágáil ar lár atá le cosaint ar rochtain nó nochtadh neamhúdaraithe de bhun gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais nó de réir dlí náisiúnta. Thairis sin, leis na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta, níor cheart oibleagáid a chur ar ghnóthais faisnéis a nochtadh a dhéanfadh dochar do phríobháideachas daoine nádúrtha nó do shlándáil daoine nádúrtha nó dlítheanacha. Is den ríthábhacht an méid sin sa chomhthéacs geopholaitiúil ar na mallaibh. Is gá lánrogha a bheith ag gnóthais chosanta go háirithe chun faisnéis íogair a choinneáil siar, ar faisnéis í a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh dá slándáil féin nó do shlándáil daoine dlítheanacha eile, lena n-áirítear na Ballstáit.

---

[8] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne a n-éadála, a n-úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj).

(15) Le hAirteagal 29c(1) de Threoir 2013/34/AE, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta theoranta a ghlacadh lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais bheaga agus mheánmhéide a ligtear isteach a n-urrúis chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, d'institiúidí beaga neamhchasta, do ghnóthais árachais faoi chuing agus do ghnóthais athárachais faoi chuing a bhraitheann ar an maolú chun tuairisciú inbhuanaitheachta teoranta a sholáthar a leagtar amach in Airteagal 19a(6) den Treoir sin. Ós rud é go ndéantar gnóthais bheaga agus mheánmhéide a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontais a eisiamh ón gcóras um thuairisciú inbhuanaitheachta leis an Treoir seo, ba cheart an chumhacht a bhaint den Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh na ngnóthas beag agus meánmhéide sin. Dá réir sin, ba cheart tagairtí d'Airteagal 29c de Threoir 2013/34/AE a scriosadh ón Treoir sin.

(16) Le hAirteagal 19a(7) de Threoir 2013/34/AE, cuirtear ar a gcumas do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, cé is moite de mhicreaghnóthais, a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte s n Aontas an rogha a dhéanamh gan bheith páirteach sa chóras um thuairisciú inbhuanaitheachta ar feadh an chéad 2 bhliain dá chur i bhfeidhm. Ós rud é go ndéantar gnóthais bheaga agus mheánmhéide a eisiamh ón gcóras um thuairisciú inbhuanaitheachta leis an Treoir seo, ba cheart an fhoráil lena gceadaítear an rogha gan bheith páirteach go ceann 2 bhliain a scriosadh.

(17) Le hAirteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar mháthairghnóthais grúpaí de mhéid áirithe tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar an leibhéal comhdhlúite. Mar sin féin, is iomchuí an tsolúbthacht a mhéadú i gcás gnóthais sealbhaíochta airgeadais. Go háirithe, i gcás nach ann do ghrúpa den mhéid sin ach amháin de bhua infheistíochtaí éagsúla a rinne gnóthas sealbhaíochta airgeadais, d’fhéadfadh deacrachtaí praiticiúla agus ualaí praiticiúla a bheith ag baint le tuairisciú comhdhlúite agus d’fhéadfadh sé nach mbeadh rannpháirtithe eile sa mhargadh in ann ach leas teoranta a bhaint as. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais sealbhaíochta airgeadais ar máthairghnóthais grúpaí den sórt sin iad a bheith in ann rogha a dhéanamh i dtaobh an fhaisnéis inbhuanaitheachta chomhdhlúite a thuairisciú nó an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár. Ba cheart an rogha sin a theorannú go docht i bhfianaise a cuspóra. Níor cheart feidhm a bheith aici ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an máthairghnóthas an sainmhíniú ar ghnóthas sealbhaíochta airgeadais, lena n-áirítear an ceanglas gan baint dhíreach ná indíreach a bheith aige le bainistiú na bhfoghnóthas, gan dochar dá chearta mar scairshealbhóir. Áirítear ar na cearta sin an ceart chun vótáil ag cruinnithe ginearálta scairshealbhóirí, a d’fhéadfadh, ag brath ar rialacha náisiúnta dhlí na gcuideachtaí, inter alia, a bheith bainteach le ceapadh chomhaltaí chomhlachtaí bainistíochta, riaracháin agus maoirseachta na ngnóthas arb ann do shealúchais iontu, chun maoirseacht agus cosaint chuí na n-infheistíochtaí sin a áirithiú. Ina theannta sin, níor cheart an rogha sin a bheith ag gnóthais sealbhaíochta airgeadais ach amháin i gcás ina bhfuil sealúchais acu i ngnóthais a bhfuil a samhlacha gnó agus a n-oibríochtaí neamhspleách ar a chéile. Ní áirítear leis sin cásanna ina bhfuil fochuideachtaí gnóthais sealbhaíochta airgeadais idirnasctha go dlúth trína ngníomhaíochtaí gnó, mar shampla nuair a chumasaíonn gníomhaíochtaí fochuideachta amháin gníomhaíochtaí fochuideachta eile nó nuair a thacaíonn siad go díreach leo. Ar deireadh, níor cheart go ndéanfadh an rogha seo difear d’aon oibleagáid tuairiscithe a bhféadfadh feidhm a bheith aici maidir le gnóthais eile sa ghrúpa, mar shampla má thagann gnóthas é féin sa ghrúpa faoi raon feidhme Airteagal 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE.

(18) Le Treoir (AE) 2022/2464, ceanglaítear ar ghnóthais áirithe faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú i gcomhréir le Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (CETI) éigeantacha. I mí Iúil 2023, ghlac an Coimisiún an chéad tacar de CETInna. Chun simpliú agus cuíchóiriú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhaint amach go tapa, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, laistigh de 6 mhí ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad tacar de CETInna chun athchóiriú substaintiúil a dhéanamh ar CETInna tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) pointí sonraí a bhaint a mheastar a bheith ar na pointí sonraí is lú tábhacht le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta ilchuspóireach; (ii) tosaíocht a thabhairt, a mhéid is féidir, do phointí sonraí cainníochtúla thar théacs insinte; (iii) idirdhealú breise a dhéanamh idir pointí sonraí éigeantacha agus deonacha; (iv) treoracha soiléire a sholáthar maidir le conas prionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm, chun a áirithiú nach gceanglaítear ar ghnóthais ach faisnéis ábhartha a thuairisciú, agus chun an riosca a laghdú go spreagfadh soláthraithe seirbhísí dearbhúcháin gnóthais, de thaisme, faisnéis nach bhfuil riachtanach a thuairisciú nó acmhainní iomarcacha a thiomnú don phróiseas measúnúcháin ábharthachta; (v) feabhas a chur ar chomhsheasmhacht le píosaí eile de reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le seirbhísí airgeadais; agus (vi) idir-inoibritheacht le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dhomhanda a chur san áireamh, a mhéid is mó is féidir. Soiléireofar leis an athbhreithniú forálacha a mheastar a bheith doiléir, agus déanfar struchtúr agus cur i láthair na gcaighdeán a shimpliú leis. Déanfar aon mhodhnú eile leis freisin a bhféadfaí a mheas ina leith gur modhnú riachtanach é i bhfianaise na taithí a fuarthas agus an chéad tacar de CETInna á chur i bhfeidhm. Ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta na deacrachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag gnóthais agus faisnéis á bailiú ó ghníomhaithe ar feadh a slabhra luacha, go háirithe uathu siúd nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta agus ó sholáthróirí i margaí agus geilleagair i mbéal forbartha.

(19) I gcás ina dtagann athrú ar chomhdhéanamh grúpa le linn na bliana airgeadais mar gheall ar éadáil nó cumasc gnóthas, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé am breise chun na gnóthais sin a chomhtháthú sa phróiseas tuairiscithe inbhuanaitheachta don bhliain airgeadais chéanna agus d'fhéadfadh dúshláin riaracháin a bheith ag baint leis sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, a chur ar chumas an mháthairghnóthais atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta chomhdhlúite an tuairisciú inbhuanaitheachta le haghaidh na ngnóthas nuafhaighte nó cumaiscthe sin a chur siar go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, nuair a fhágann gnóthas grúpa gnóthas le linn na bliana airgeadais, bheadh sé díréireach a cheangal ar an máthairghnóthas atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta chomhdhlúite faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar maidir leis an ngnóthas sin don bhliain airgeadais chéanna. Is iomchuí, dá bhrí sin, a chur ar a chumas don mháthairghnóthas gan an fhaisnéis inbhuanaitheachta maidir leis an ngnóthas a d'fhág an grúpa a áireamh sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite le haghaidh na bliana airgeadais sin. Ós rud é, maidir le gnóthais a fuarthas nó a cumascadh nó a d'fhág an grúpa gnóthas, go bhféadfadh éifeacht a bheith, mar sin féin, ag teagmhais áirithe a dhéanann difear do na gnóthais sin ar thionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta, nó rioscaí nó deiseanna an ghrúpa a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, is iomchuí a cheangal ar an máthairghnóthas a roghnaíonn gan faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar maidir leis na gnóthais sin le haghaidh bliain airgeadais na teagmhais shuntasacha sin a léiriú ina thuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite.

(20) Le hAirteagal 29b(1), an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, tugtar de chumhacht don Choimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe, caighdeáin tuairiscithe earnáilsonracha a ghlacadh agus glacfar an chéad tacar de na caighdeáin sin faoin 30 Meitheamh 2026. Chun méadú a sheachaint ar líon na bpointí sonraí forordaithe a bhfuil ceangal ar ghnóthais iad a thuairisciú, ba cheart an cumhachtú sin a scriosadh. Ag brath ar an éileamh ó ghnóthais atá faoi réir na gceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2013/34/AE, d’fhéadfadh an Coimisiún tacú le gnóthais trí threoraíocht earnáilsonrach a sholáthar lena léirítear agus lena n-éascaítear cur i bhfeidhm CETI laistigh d’earnáil ar leith, lena n-áirítear treoraíocht maidir le seoladh an mheasúnaithe ábharthachta dúbailte atá dírithe ar ábhair inbhuanaitheachta a shainaithint ar dócha go mbeidh siad ábhartha do ghnóthas tipiciúil atá ag oibriú san earnáil ar leith. Ba cheart aon treoirlínte den sórt sin a bheith bunaithe ar chomhairliúcháin leis na geallsealbhóirí ábhartha. I gcás inarb iomchuí, d’fhéadfaí caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a chur san áireamh.

(21) Ceanglaítear le hAirteagal 29b(4) de Threoir 2013/34/AE nár cheart a shonrú le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta nochtaí lena gceanglaítear ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ina slabhra luacha, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas. Ós rud é go ndéantar gnóthais bheaga agus mheánmhéide a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas a eisiamh ón gcóras um thuairisciú inbhuanaitheachta leis an Treoir seo, agus chun laghdú a dhéanamh ar an ualach tuairiscithe ar ghnóthais sa slabhra luacha nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht, níor cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta nochtaí lena gceanglófaí ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha ag a bhfuil suas le 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, ar faisnéis í atá sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta lena n-úsáid go deonach ag gnóthais nach gceanglaítear orthu tuairisciú ar a n-inbhuanaitheacht.

(22) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta lena n-úsáid go deonach ag gnóthais atá faoi chosaint. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith i gcomhréir le hacmhainneachtaí agus saintréithe na ngnóthas sin, agus ábhartha maidir leo, agus ba cheart iad a bheith comhréireach le scála agus castacht a ngníomhaíochtaí. Gnóthais eile nach gceanglaítear orthu faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú, ba cheart dóibh a bheith in ann a roghnú freisin úsáid a bhaint as na caighdeáin sin. Ba cheart teanga shimplithe a úsáid sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach agus ba cheart an prionsabal ‘tús áite d’fhiontair bheaga’ a chur san áireamh iontu, trí mhodúlacht a úsáid lena gceadaítear solúbthacht agus dul chun cinn i dtaobh na nochtaí. A mhéid is féidir, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] a chur san áireamh sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach. Ba cheart a shonrú leis na caighdeáin sin freisin, i gcás inar féidir, an struchtúr atá le húsáid chun an fhaisnéis sin a chur i láthair. Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach, tá sé de shaoirse ag gnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta go deonach déanamh amhlaidh i gcomhréir le Moladh (AE) 2025/1710 ón gCoimisiún[10] atá bunaithe ar an gcaighdeán deonach le haghaidh FBManna (VSME) arna fhorbairt ag an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais. Chun leanúnachas agus comhréireacht a áirithiú, ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach arna nglacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomh tarmligthe a bheith bunaithe ar an Moladh sin.

---

9 Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1221/oj).

10 Moladh (AE) 2025/1710 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2025 maidir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2025/1710, 5.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1710/oj).

(23) Chun a áirithiú go leanfaidh na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach de bheith ailínithe le forbairtí atá ábhartha maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin sin gach 4 bliana ar a laghad. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aige, ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar fhorbairtí atá ábhartha maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus i dtaobh an gcuireann na caighdeáin ar chumas gnóthas cuspóirí ábhartha a bhaint amach, lena n-áirítear: (i) faisnéis a sholáthar a chomhlíonann riachtanais sonraí gnóthas a iarrann faisnéis inbhuanaitheachta ar a soláthróirí; (ii) faisnéis a sholáthar a chomhlíonann riachtanais sonraí institiúidí airgeadais agus infheisteoirí agus ar an gcaoi sin a n-éascaíonn rochtain na ngnóthas ar mhaoiniú; (iii) feabhas a chur ar bhainistiú ábhar inbhuanaitheachta, lena n-áirítear, de réir mar is ábhartha, gnéithe comhshaoil agus sóisialta amhail truailliú agus sláinte agus sábháilteacht an lucht saothair, ar bhealach a neartaíonn iomaíochas agus athléimneacht na ngnóthas; agus (iv) a rannchuidíonn le geilleagar níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí. I gcás nach mbaintear amach na cuspóirí sin, ba cheart don Choimisiún na caighdeáin a leasú dá réir.

(24) Le hAirteagal 29d de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar ghnóthais atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 19a agus 29a den Treoir sin a dtuarascáil bhainistíochta nó a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, a ullmhú, de réir mar is infheidhme, san fhormáid tuairiscithe leictreonach aonair a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún[11] agus a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], i gcomhréir leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear sa Rialachán Tarmligthe sin. Chun soiléireacht a sholáthar do ghnóthais, ba cheart a shonrú nár cheart a cheangal ar ghnóthais a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil go dtí go nglacfar na rialacha sin maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil trí bhíthin Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún.

---

[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaí aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/815/oj).

[12] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

(25) Sonraítear in Airteagal 33(1) de Threoir 2013/34/AE go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhaineann le gnóthas as a áirithiú go ndéanfar doiciméid áirithe a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin. Chun solúbthacht a sholáthar do ghnóthais agus chun an t-ualach tuairiscithe atá orthu a laghdú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh go mbeidh freagracht chomhchoiteann chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais as na ceanglais den Treoir sin a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le digitiú na tuarascála bainistíochta teoranta dá foilsiú san fhormáid tuairiscithe leictreonach aonair, lena n-áirítear marcáil an tuairiscithe inbhuanaitheachta inti.

(26) De bhun Airteagal 40a(1), an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír de Threoir 2013/34/AE, ní mór d'fhochuideachtaí áirithe san Aontas de chuid gnóthais tríú tír a ghineann glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 000 000 san Aontas, nó, in éagmais na bhfochuideachtaí sin, brainsí san Aontas de chuid gnóthais tríú tír a ghineann glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 000 000, faisnéis inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chur ar fáil ar leibhéal grúpa, nó, murab infheidhme, ar leibhéal aonair, an ghnóthais tríú tír. Chun an t-ualach ar ghnóthais tríú tír a laghdú i gcion comhchosúil leis an laghdú ar an ualach ar ghnóthais atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a den Treoir sin, ba cheart an tairseach ghlanláimhdeachais don ghnóthas tríú tír a ardú ó EUR 150 000 000 go EUR 450 000 000. Ina theannta sin, ar chúiseanna laghdaithe ualaigh, ba cheart coigeartú a dhéanamh freisin ar mhéid fochuideachta de chuid gnóthais tríú tír agus brainse de chuid gnóthais tríú tír chun go dtiocfaidh na fochuideachtaí agus na brainsí sin faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta. Ba cheart an tairseach ghlanláimhdeachais d'fhochuideachta gnóthais tríú tír agus do bhrainse de chuid gnóthais tríú tír a shocrú ag EUR 200 000 000. Tá na ceanglais tuairiscithe d'fhochuideachta an ghnóthais tríú tír nó do bhrainse an ghnóthais tríú tír faoi Airteagal 40a éagsúil leis na ceanglais tuairiscithe do ghnóthais faoi Airteagail 19a agus 29a. Ní cheanglaítear ar fhochuideachta an ghnóthais tríú tír ná ar bhrainse an ghnóthais tríú tír atá faoi réir Airteagal 40a ach an tuarascáil inbhuanaitheachta arna soláthar ag an ngnóthas tríú tír a fhoilsiú agus a chur ar fáil, ach ceanglaítear ar ghnóthais atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a tuairisciú thar a gceann féin. Dá bhrí sin, ní gá na tairseacha céanna a chur i bhfeidhm agus fochuideachtaí nó brainsí an Aontais atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 40a agus na gnóthais atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe faoi Airteagail 19a agus 29a á sainaithint. Thairis sin, chun cothrom iomaíochta a áirithiú, maidir le máthairghnóthais tríú tír ar gnóthais sealbhaíochta airgeadais iad, a bhfuil samhlacha gnó agus oibríochtaí ag a bhfochuideachtaí atá neamhspleách ar a chéile, ba cheart cead a bheith acu gan tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 40a.

(27) Chun a áirithiú gur féidir le gnóthais rochtain a fháil ar fhaisnéis phraiticiúil faoi chur i bhfeidhm na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantach agus deonach a leagtar amach i dTreoir 2013/34/AE, agus chun an t-ualach a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a laghdú, ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le tairseach thiomnaithe ar líne. Leis an tairseach thiomnaithe sin ar líne, ba cheart rochtain a thabhairt ar fhaisnéis, treoraíocht agus tacaíocht, lena n-áirítear teimpléid ábhartha, maidir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin. Ba cheart an tairseach thiomnaithe ar líne a bheith idirnasctha le bearta tacaíochta ar líne arna soláthar ag na Ballstáit, i gcás inarb ann dóibh, chun an comhthéacs náisiúnta a chur san áireamh.

(28) Chun an t-ualach riaracháin a eascraíonn as comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a laghdú, arb ualach é a bhaineann go príomha le bailiú sonraí, próiseáil sonraí agus comhroinnt sonraí gnólacht le gnólacht le haghaidh gnóthas, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thíolacadh maidir le tionscnaimh lena gcuirtear ar a gcumas do ghnóthais sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú ar bhealach slán, rianúil agus uathoibrithe. Ba cheart a áireamh leis sin formáidí sonraí digiteacha comhchuibhithe, caighdeánaithe agus struchtúrtha a sholáthar chun sonraí gníomhaíochta a chomhroinnt go héifeachtúil gnólacht le gnólacht, amhail ríomhshonraisc nó tuarascálacha digiteacha VSME; íoscheanglais theicniúla a leagan síos do chórais dhigiteacha a úsáidtear chun sonraí inbhuanaitheachta a bhainistiú agus a thuairisciú chun idir-inoibritheacht a áirithiú; rochtain ar shonraí iontaofa agus cáilithe a áirithiú; agus an fhéidearthacht sonraí a chomhroinnt trí bhonneagar malartaithe sonraí oscailte comhchoiteann de chuid an Aontais a áirithiú.

(29) Chun na tairseacha glanláimhdeachais le haghaidh gnóthais atá le bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a oiriúnú, ós rud é, le himeacht ama, go ndéanfaidh an boilsciú a bhfíorluach a chreimeadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[13]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(30) Sonraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2022/2464 na dátaí óna bhfuil na Ballstáit leis na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm, agus dátaí éagsúla i gceist de réir mhéid an ghnóthais lena mbaineann. Ós rud é nach bhfuil ach gnóthais ag a bhfuil glanláimhdeachas níos mó ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, ar leibhéal an ghrúpa, de réir mar is iomchuí, le bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta, ba cheart na critéir a choigeartú chun na dátaí cur i bhfeidhm a chinneadh, agus ba cheart fáil réidh leis an tagairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas

[13] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

(31) Tá sé tábhachtach deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir leis an laghdú ar raon feidhme gnóthas atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe maidir le raon feidhme pearsanta na bhforálacha ábhartha ag gach pointe ama. Dá réir sin, ba cheart Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464, a bhaineann leis an gcéad tacar gnóthas atá faoi réir na Treorach sin, a leasú chun a cur i bhfeidhm a theorannú do 3 bliana airgeadais ón 1 Eanáir 2024. Le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (b), de Threoir (AE) 2022/2464, a bhaineann leis an dara tacar gnóthas atá faoi réir na Treorach sin. Dá réir sin, gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), den Treoir sin ach nach dtagann faoi raon feidhme phointe (b) de, arna leasú leis an Treoir seo, ní thiocfaidh siad faoi raon feidhme na Treorach seo ó bhlianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Mar sin féin, d’fhonn an t-ualach a laghdú a luaithe is féidir, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na gnóthais sin a dhíolmhú ó oibleagáidí tuairiscithe a mhéid a bhaineann leis na blianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2026. Ceanglaítear ar na Ballstáit an maolú sin a chur chun feidhme ar bhealach lena n-áirithítear comhlíonadh phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

(32) Sonraítear in Airteagal 5(2), an tríú fomhír, de Threoir (AE) 2022/2464 na dátaí faoina bhfuil na Ballstáit leis na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm, agus dátaí éagsúla i gceist de réir mhéid an eisitheora lena mbaineann. Ós rud é nach bhfuil ach gnóthais ag a bhfuil glanláimhdeachas níos mó ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, ar leibhéal an ghrúpa, de réir mar is iomchuí, le bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta, ba cheart na critéir a choigeartú chun na dátaí cur i bhfeidhm a chinneadh, agus ba cheart fáil réidh leis an tagairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas.

(33) Tá sé tábhachtach deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir leis an laghdú ar raon feidhme eisitheoirí atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe maidir le raon feidhme pearsanta na bhforálacha ábhartha ag gach pointe ama. Dá réir sin, ba cheart Airteagal 5(2), an tríú fomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464, a bhaineann leis an gcéad tacar eisitheoirí atá faoi réir na Treorach sin, a leasú chun a chur i bhfeidhm a theorannú do 3 bliana airgeadais ón 1 Eanáir 2024. Le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 5(2), an tríú fomhír, pointe (b), de Threoir (AE) 2022/2464, a bhaineann leis an dara tacar eisitheoirí atá faoi réir na Treorach sin. Dá réir sin, gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(2), an tríú fomhír, pointe (a), den Treoir sin ach nach dtagann faoi raon feidhme phointe (b) de, arna leasú leis an Treoir seo, ní thiocfaidh siad faoi raon feidhme na Treorach seo ó bhlianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Mar sin féin, d’fhonn an t-ualach a laghdú a luaithe is féidir, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na heisitheoirí sin a dhíolmhú ó oibleagáidí tuairiscithe a mhéid a bhaineann leis na blianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2026. Ceanglaítear ar na Ballstáit an maolú sin a chur chun feidhme ar bhealach lena n-áirithítear comhlíonadh phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

(34) Mar gheall ar an athrú ar raon feidhme na ngnóthas atá faoi réir oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta, ba cheart na forálacha maidir leis an athbhreithniú agus leis an tuairisciú i dTreoir (AE) 2022/2464 a choigeartú. Chun cuspóir an Aontais a áirithiú maidir le nochtadh sonraí leordhóthanacha maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chumasú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht raon feidhme nua Threoir (AE) 2022/2464 arna leasú leis an Treoir seo. Is iomchuí an measúnú sin a bheith bunaithe, go háirithe, ar anailís ar na riachtanais maidir le sonraí inbhuanaitheachta chun infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh i dtreo chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ar thaobh amháin, agus ar thionchar an tuairiscithe inbhuanaitheachta ar iomaíochas ghnóthais an Aontais ar an taobh eile. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú na dea-chleachtais a forbraíodh agus leibhéal iarbhír ullmhachta na ngnóthas chun nochtaí inbhuanaitheachta a sholáthar faoi Threoir (AE) 2022/2464. Chuige sin agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, agus leathnú féideartha an raoin feidhme á mheas, tá sé tábhachtach go mbreithneodh an Coimisiún ar cheart cothromaíocht a bhaint amach idir an leathnú sin agus an fhéidearthacht córas tuairiscithe simplithe a bhunú.

(35) Níl Treoir (AE) 2024/1760 le bheith ina foras chun laghdú a dhéanamh ar an leibhéal cosanta do chearta agus leasanna áirithe dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta nó le comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme tráth glactha na Treorach sin. Mar sin féin, níor cheart dó sin cosc a chur ar na Ballstáit na dlíthe náisiúnta i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach is infheidhme tráth glactha Threoir (AE) 2024/1760 a choigeartú, agus an Treoir sin á cur chun feidhme, chun a n-ailíniú léi a mhéadú nó a áirithiú, go háirithe a raon feidhme.

(36) Níl sé d'aidhm ag Treoir (AE) 2024/1760 creat cuimsitheach a sholáthar chun cearta an duine nó an comhshaol a chosaint i gcomhthéacs oibriú cuideachtaí. Ina ionad sin, tá sé d'aidhm aici comhchuibhiú a dhéanamh ar an dlí náisiúnta maidir le hoibleagáidí ginearálta díchill chuí atá ar na cuideachtaí sin agus maidir le dliteanas ina leith sin, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach leis an bhforbairt inbhuanaithe. Tá próisis díchill chuí comhlántach leis na hoibleagáidí dlíthiúla sonracha atá ag feidhmiú chun cearta an duine nó an comhshaol a chosaint, go díreach nó go hindíreach agus ní ghabhtar ionad na n-oibleagáidí sin leo. Áirítear ar na hoibleagáidí dlíthiúla sonracha sin na hoibleagáidí dlíthiúla sin a thagann as, i measc go leor samplaí eile, dlí an tsaothair, dlí maidir le hamanna oibre agus dlí um chomhionannas; dlí maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a láimhseáil; caighdeáin tógála agus dlíthe criosaithe foirgneamh; agus dlí lena rialaítear sábháilteacht táirgí nó bia. Ní thagann aon oibleagáid dlíthiúil den sórt sin uile faoi raon feidhme Threoir (AE) 2024/1760, mura leagtar síos oibleagáidí ginearálta díchill chuí leo agus a mhéid a leagtar na hoibleagáidí sin síos leo. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus chun a áirithiú go gcaomhnófar go sainráite an tsaoirse rialála is gá, ba cheart Treoir (AE) 2024/1760 a leasú chun teorainneacha raon feidhme na Treorach sin a shoiléiriú tuilleadh.

(37) Le Treoir (AE) 2024/1760, forchuirtear oibleagáidí fadréimseacha díchill chuí ar chuideachtaí áirithe. Mar gheall air sin, tá a raon feidhme teoranta do chuideachtaí an-mhór. Mar sin féin, sa tuarascáil dar teideal 'The future of European competitiveness' [Todhchaí iomaíochas na hEorpa] sainaithníodh an creat díchill chuí mar 'cúis mhór ualaigh rialála', agus thángthas ar an gconclúid i ndáil leis sin go raibh 'gá le breithniú níos fearr a dhéanamh ar mhéid na gcuideachtaí a ndéanann an rialáil difear dóibh'. Thairis sin, is fearr is féidir le Treoir (AE) 2024/1760 a cuspóirí a bhaint amach maidir leis na cuideachtaí is mó, a bhfuil an tionchar is mó acu ar a slabhraí luacha, an tionchar is mó ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, agus na hacmhainní is mó chun dícheall cuí a chur chun feidhme go dícheallach. Ar na cúiseanna sin go léir, agus i gcomhréir le cuspóir ríthábhachtach an tsimplithe, ba cheart raon feidhme Threoir (AE) 2024/1760 a laghdú. Ba cheart an tairseach EUR 450 000 000 a ardú go EUR 15 000 000 000, agus ba cheart an tairseach 1 000 fostaí a ardú go 5 000 fostaí. Dá réir sin, ba cheart na táirsí maidir le cuideachtaí a rinne comhaontuithe saincheadúnais nó ceadúnúcháin a ardú go EUR 75 000 000 maidir le ríchíosanna agus go EUR 275 000 000 maidir le láimhdeachas.

(38) Le hAirteagal 4(1) de Threoir (AE) 2024/1760, toirmeasctar ar na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach, ina ndlí náisiúnta, faoin réimse a chumhdaítear leis an Treoir sin lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir leo siúd a leagtar síos i bhforálacha sonracha den Treoir sin. Chun a áirithiú nach rachaidh na Ballstáit níos faide ná an Treoir sin agus chun cruthú tírdhreacha rialála ilroinnte a sheachaint as a n-eascróidh éiginnteacht dhlíthiúil agus ualach neamhriachtanach, ba cheart forálacha comhchuibhithe iomlána Threoir (AE) 2024/1760 a leathnú chun forálacha breise a chuimsiú lena rialófar príomhghnéithe an phróisis díchill chuí. Áirítear leis sin, go háirithe, an dualgas sainaitheanta, an dualgas tosaíocht a thabhairt do dhrochthionchair, na dualgais aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair a sainaithníodh nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta, an dualgas foráil a dhéanamh maidir le sásra gearán agus fógra, an dualgas faireachán a dhéanamh ar bhearta díchill chuí, agus an dualgas tuairisciú a dhéanamh ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir sin. Ag an am céanna, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit i gcónaí forálacha níos déine a thabhairt isteach maidir le gnéithe nó forálacha eile maidir le dícheall cuí atá níos sonraí i dtéarmaí an chuspóra nó an réimse a chumhdaítear. Áirítear le forálacha den sórt sin forálacha an dlí náisiúnta lena rialaítear drochthionchair shonracha nó earnálacha sonracha gníomhaíochta, chun leibhéal éagsúil cosanta do chearta an duine, do chearta fostaíochta agus sóisialta, don chomhshaol nó don aeráid a bhaint amach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus chun an tsaoirse rialála is gá a áirithiú, go háirithe maidir le rioscaí sonracha atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh oibleagáidí díchill chuí a bheith tábhachtach ina leith, ba cheart a shoiléiriú go n-áirítear i bhforálacha den sórt sin oibleagáidí díchill chuí maidir le táirgí, seirbhísí, nó cásanna sonracha. Os a choinne sin, ní forálacha den sórt sin iad rialacha náisiúnta a théann níos faide ná cuspóir nó réimse sonrach, mar shampla tríd an bpróiseas díchill chuí a rialáil go ginearálta nó trí dhícheall cuí a rialáil in earnáil ina hiomláine.

(39) Le hAirteagal 5 de Threoir (AE) 2024/1760, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí móra os cionn méid áirithe dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol. Le hAirteagal 8 den Treoir sin, ceanglaítear ar na cuideachtaí sin bearta iomchuí a dhéanamh chun drochthionchair a shainaithint agus a mheasúnú, agus tosca riosca ábhartha á gcur san áireamh. Ba cheart a cheangal ar chuideachtaí cleachtadh scóipe a dhéanamh, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta, agus uirthi sin amháin, chun réimsí ginearálta a shainaithint ar fud a n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí gníomhaíochtaí agus le hoibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó, ar mó is dócha go mbeadh drochthionchair ag baint leo. Agus an cleachtadh scóipe á dhéanamh acu, ní cheanglaítear ar chuideachtaí drochthionchair a shainaithint go córasach ar leibhéal an eintitis, ach, ina ionad sin, ceanglaítear orthu raon feidhme réimsí ginearálta a mheas. Sa chleachtadh scóipe, ba cheart do chuideachtaí a bheith ag brath ar fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta dóibh, agus uirthi sin amháin, rud a chuirfeadh cosc, de ghnáth, ar fhaisnéis a iarraidh ó chomhpháirtithe gnó. Mar sin féin, bíonn an tsolúbthacht ag cuideachtaí breithiúnas a thabhairt ar cén fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta dóibh.

(40) Bunaithe ar thorthaí an chleachtaidh scóipe, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí measúnú domhain a dhéanamh sna réimsí inar sainaithníodh drochthionchair a bheith níos dóchúla agus níos déine. Níor cheart a cheangal ar chuideachtaí aon fhaisnéis a iarraidh ar chomhpháirtithe gnó, i gcás nár sainaithníodh aon rioscaí dóchúla ná tromchúiseacha. Ba cheart an measúnú domhain a bheith dírithe ar fhaisnéis chruinn iontaofa a fháil, go háirithe maidir le cineál, méid, cúiseanna, déine agus dóchúlacht na ndrochthionchar sainaitheanta, chun a chur ar a cumas don chuideachta, i gcás inarb ábhartha, an beartú tosaíochta a dhéanamh i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1760 agus bearta iomchuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt orthu i gcomhréir leis an Treoir sin. Chun solúbthacht bhreise a sholáthar do chuideachtaí, i gcás ina sainaithníonn cuideachta drochthionchair atá chomh dóchúil céanna nó chomh dian céanna i roinnt réimsí, ba cheart don chuideachta sin a bheith in ann tosaíocht a thabhairt do mheasúnú a dhéanamh ar dhrochthionchair a bhaineann le comhpháirtithe gnó díreacha. Ní cheanglaítear ar chuideachtaí ach bearta iomchuí a dhéanamh chun drochthionchair a shainaithint. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear orthu gach drochthionchar ina n-oibríochtaí, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó a shainaithint. I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air sin nach ndéanfaí an tionchar sin a shainaithint agus, dá bhrí sin, nach ndéanfaí é a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú, in ainneoin a hoibleagáidí faoi Threoir (AE) 2024/1760 a bheith comhlíonta go hiomlán ag an gcuideachta. Dá bhrí sin, ní ghearrfaí pionós ar chuideachtaí faoin Treoir sin as an tionchar sin.

(41) Chun teorainn a chur le héifeacht an tsíothlaithe ar chuideachtaí eile, lena n-áirítear gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, a mhéid a bhaineann leis an measúnú domhain ar chomhpháirtithe gnó, níor cheart do chuideachtaí atá faoi réir Threoir (AE) 2024/1760 faisnéis a iarraidh ar chomhpháirtithe gnó ach amháin i gcás ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin. Tá sé tábhachtach go mbeadh aon iarraidh spriocdhírithe, réasúnta agus comhréireach. I gcás comhpháirtithe gnó a bhfuil níos lú ná 5 000 fostaí acu, níor cheart do chuideachtaí faisnéis a iarraidh orthu ach amháin i gcás nach féidir an fhaisnéis a fháil go réasúnach ar bhealaí eile amhail ó fhaisnéis atá acu nó ó fhoinsí eile.

(42) Ceanglaítear le hAirteagal 8(3) de Threoir (AE) 2024/1760 ar na Ballstáit a áirithiú, chun na drochthionchair a shainaithint agus a mheasúnú, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an sásra fógra agus tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear sa Treoir sin. Chun ualaí a bhaineann le comhlíonadh a laghdú do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe gnó ábhartha, ba cheart a shonrú go bhféadfadh sé gurbh ionann réitigh dhigiteacha, tionscnaimh earnála agus il-gheallsealbhóra agus acmhainní iomchuí freisin. Dá bhrí sin, ba cheart do chuideachtaí a bheith in ann an fhaisnéis is gá a fháil trí thionscnaimh earnála agus il-gheallsealbhóra, chun iarrataí dúblacha a sheachaint. Mar sin féin, tá sé de shaoirse ag cuideachtaí i gcónaí an fhaisnéis a fháil ina n-aonar.

(43) Ós rud é gur cheart tosaíocht a thabhairt do dhrochthionchair de réir a ndéine agus a ndóchúlachta agus aghaidh a thabhairt orthu de réir a chéile, mura féidir aghaidh a thabhairt an tráth céanna agus a mhéid is féidir ar na drochthionchair uile a shainaithin sí, níor cheart pionós a ghearradh ar chuideachta faoi Threoir (AE) 2024/1760.

(44) D'fhéadfadh sé go mbeadh cuideachtaí i staid ina mbraitheann a dtáirgeadh go mór ar ionchuir ó sholáthróir sonrach amháin nó ó roinnt soláthróirí. Go háirithe, i gcás ina bhfuil baint ag oibríochtaí gnó an tsoláthróra sin le drochthionchair thromchúiseacha, lena n-áirítear saothar leanaí nó díobháil nach beag don chomhshaol, agus i gcás ina bhfuil triail bainte ag an gcuideachta as gach beart díchill chuí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair den sórt sin, ba cheart don chuideachta mar rogha dheireanach, an caidreamh gnó a chur ar fionraí agus leanúint d'oibriú leis an soláthróir chun teacht ar réiteach, agus úsáid á baint, i gcás inar féidir, as aon tairbhe mhéadaithe a eascraíonn as an bhfionraí. Ba cheart deireadh a chur leis an bhfionraí a luaithe a thabharfar aghaidh ar an drochthionchar.

(45) Chun ualaí ar chuideachtaí a laghdú agus chun rannpháirtíocht geallsealbhóirí a dhéanamh níos comhréirí, níor cheart a cheangal ar chuideachtaí teagmháil a dhéanamh ach amháin le hoibrithe, lena n-ionadaithe, lena n-áirítear ceardchumainn, agus le daoine aonair agus pobail a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta, a fochuideachtaí agus a comhpháirtithe gnó difear go díreach dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta difear a dhéanamh go díreach dá gcearta nó dá leasanna, agus a bhfuil nasc acu le céim shonrach an phróisis díchill chuí atá á cur i bhfeidhm. Áirítear leis sin daoine aonair nó pobail atá gar do ghléasraí a bhíonn á n-oibriú ag comhpháirtithe gnó sa chás ina ndéanann truailliú difear go díreach do na daoine aonair nó do na pobail sin, nó daoine dúchasacha a ndéantar difear go díreach dá gcearta chun tailte nó acmhainní mar gheall ar an gcaoi a ndéanann comhpháirtí gnó talamh, foraoisí nó uiscí a éadáil, a fhorbairt nó a úsáid ar bhealach eile. Thairis sin, níor cheart rannpháirtíocht geallsealbhóirí a cheangal ach amháin le haghaidh codanna áirithe den phróiseas díchill chuí, mar atá, ag céim na sainaitheanta, chun pleananna gníomhaíochta agus pleananna gníomhaíochta (feabhsaithe) a fhorbairt agus nuair a bhíonn bearta feabhsúcháin á gceapadh.

(46) Chun ualaí riaracháin ar chuideachtaí a laghdú, ba cheart don Choimisiún treoirlínte ginearálta maidir le dícheall cuí a ghlacadh faoin 26 Iúil 2027. San am céanna, ba cheart an sprioc-am chun Treoir (AE) 2024/1760 a chur i bhfeidhm le haghaidh gach cuideachta a chur siar go dtí an 26 Iúil 2029. Leis an eatramh 2 bhliain sin, ba cheart dóthain ama a thabhairt do chuideachtaí an treoraíocht phraiticiúil agus na dea-chleachtais a áirítear i dtreoirlínte an Choimisiúin a chur san áireamh agus bearta díchill chuí á gcur chun feidhme acu.

(47) Measadh forálacha Threoir (AE) 2024/1760 maidir leis an bplean aistrithe don athrú aeráide a bheith díréireach, go háirithe mar gheall ar an ualach riaracháin ar chuideachtaí agus ar údaráis mhaoirseachta, agus d'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a bheith mar thoradh orthu. Is gá na forálacha sin a aisghairm chun oibleagáidí a chuíchóiriú agus chun tacú le cur chun feidhme níos spriocdhírithe agus níos éifeachtúla na Treorach sin.

(48) Le hAirteagal 27(1) de Threoir (AE) 2024/1760, ceanglaítear ar na Ballstáit pionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a leagan síos. Le hAirteagal 27(2) den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu i dtaobh pionóis a fhorchur, agus nuair a bhíonn cineál agus leibhéal iomchuí na bpionós á mbunú acu, aird chuí a thabhairt ar shraith tosca lena gcinntear tromchúis an tsáraithe agus tosca maolaitheacha nó géaraitheacha. Le hAirteagal 27(4) den Treoir sin, agus pionóis airgid á bhforchur, ceanglaítear ar na Ballstáit, iad a bhunú ar ghlanláimhdeachas domhanda na cuideachta lena mbaineann. Dealraíonn sé, áfach, nach bhfuil gá leis an gceanglas sin agus d’fhéadfaí míthuiscint a bhaint as mar cheanglas go mbeadh pionóis airgid bunaithe go hiomlán nó go príomha ar an nglanláimhdeachas domhanda. Ina ionad sin, i gcomhréir leis an gceanglas go mbeidh pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, ceanglaítear ar údaráis mhaoirseachta aird iomchuí a thabhairt ar an nglanláimhdeachas domhanda, nó, i gcás ina mbaineann cuideachtaí le grúpa, láimhdeachas comhdhlúite domhanda na máthairchuideachta deiridh, i gcomhar leis an tsraith tosca a leagtar síos in Airteagal 27(2) den Treoir sin. Dá réir sin, ba cheart an ceanglas pionóis airgid a bhunú ar an nglanláimhdeachas domhanda a bhaint. Os a choinne sin, chun cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais agus i gcomhréir le cuspóir an chomhchuibhithe, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit uasteorainn aonfhoirmeach le haghaidh pionóis airgid de 3 % den ghlanláimhdeachas domhanda a shocrú. Ba cheart cur i bhfeidhm na huasteorann sin maidir le cuideachtaí a bhaineann le grúpaí a shoiléiriú. Thairis sin, chun comhsheasmhacht na gcleachtas forfheidhmiúcháin a mhéadú ar fud an Aontais, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoirlínte a fhorbairt chun cabhrú leis na húdaráis mhaoirseachta leibhéal na bpionós a chinneadh.

(49) Chun prionsabal na coimhdeachta a bhaint amach ar bhealach níos fearr, ba cheart deireadh a chur leis an gcóras dliteanais sonrach uile-Aontais dá bhforáiltear faoi láthair i dTreoir (AE) 2024/1760. San am céanna, ós ábhar é a bhaineann leis an dlí idirnáisiúnta agus le dlí an Aontais araon, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ag íospartaigh drochthionchar ar cheartas agus go ráthófar a gceart chun leighis éifeachtaigh, mar a chumhdaítear in Airteagal 2(3) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 8 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagal 9(3) den Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus) agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcás ina mbeidh cuideachta faoi dhliteanas i leith neamh-chomhlíonadh na gceanglas díchill chuí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2024/1760, agus i gcás ina ndearna an neamh-chomhlíonadh sin damáiste, go mbeidh na híospartaigh in ann cúiteamh iomlán a fháil, ar cúiteamh é ba cheart a dheonú i gcomhréir le prionsabail na héifeachtachta agus na coibhéise, ach san am céanna, an méid sin a chothromú trí choimircí, ionas go gcuirfear cosc ar róchúiteamh. I bhfianaise na rialacha éagsúla agus na dtraidisiún éagsúil atá ann ar an leibhéal náisiúnta a mhéid a bhaineann le caingne ionadaíocha a cheadú, ba cheart an ceanglas sonrach ina leith sin a leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/1760 a scriosadh.

Tá an scriosadh sin gan dochar d'aon fhoráil den dlí náisiúnta is infheidhme lena gceadaítear do cheardchumann, d'eagraíocht neamhrialtasach um chearta an duine nó d'eagraíocht chomhshaoil, d'eagraíocht neamhrialtasach eile nó d'institiúid náisiúnta um chearta an duine caingne a thionscnamh chun cearta an pháirtí dhíobhálaithe líomhnaithe a fhorfheidhmiú, nó chun tacú leis na caingne sin arna dtionscnamh go díreach ag an bpáirtí sin. Thairis sin, ar an gcúis chéanna, an ceanglas atá ar na Ballstáit a áirithiú go mbainfidh cur i bhfeidhm sainordaitheach sáraitheach leis na rialacha dliteanais i gcásanna nach é dlí náisiúnta an Bhallstáit an dlí is infheidhme maidir le héilimh den sórt sin, ba cheart an ceanglas sin a scriosadh. Le scriosadh den sórt sin, ní chuirtear srian ar an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh cur i bhfeidhm sainordaitheach sáraitheach ag baint le forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2024/1760 dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], i gcásanna nach é dlí náisiúnta Ballstáit an dlí is infheidhme maidir le héilimh chuige sin.

[14] Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha ('An Róimh II') (IO L 199, 31.7.2007, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/864/oj).

(50) Le hAirteagal 36(1) de Threoir (AE) 2024/1760, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 26 Iúil 2026 maidir leis an ngá atá le ceanglais bhreise i ndícheall cuí na hinbhuanaitheachta a leagan síos a bheadh saincheaptha do ghnóthais airgeadais rialáilte i ndáil le seirbhísí airgeadais agus gníomhaíochtaí infheistíochta a sholáthar, agus na roghanna maidir leis na ceanglais díchill chuí sin chomh maith lena dtionchair. Ós rud é nach bhfágann an sprioc-am le haghaidh athbhreithniú den sórt sin go leor ama chun an taithí a fuarthas leis an gcreat ginearálta díchill chuí nuabhunaithe a chur san áireamh, ba cheart na forálacha maidir le hathbhreithniú agus tuairisciú i dTreoir (AE) 2024/1760 a leasú.

(51) Ba cheart an sprioc-am don trasuí a chur siar bliain amháin agus ba cheart na dátaí óna gcuirfidh na Ballstáit Treoir (AE) 2024/1760 i bhfeidhm a aontú do gach cuideachta a thagann faoin raon feidhme na Treorach sin chun níos mó ama a thabhairt do chuideachtaí ullmhú do cheanglais na Treorach sin. Ina theannta sin, ba cheart roinnt dátaí eile sa Treoir sin a leasú chun an cur siar bliana sin a léiriú, chomh maith leis an gcur siar arna shonrú le Treoir (AE) 2025/794.

(52) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(53) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir 2006/43/CE*

Leasaítear Treoir 2006/43/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ní fhéadfaidh údaráis inniúla na mBallstát ach na heintitis sin a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas a fhormheas mar ghnólachtaí iniúchóireachta:

(a) ní mór do na daoine nádúrtha a dhéanann iniúchtaí reachtúla thar ceann gnólacht iniúchóireachta, ar a laghad, na coinníollacha a chomhlíonadh maidir le hiniúchóireacht reachtúil a fhorchuirtear le hAirteagal 4, Airteagal 6(1), Airteagal 7(1), Airteagal 8(1) agus (2), Airteagal 9, Airteagal 10(1), an chéad fhomhír, Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Treoir seo agus ní mór iad a fhormheas mar iniúchóirí reachtúla sa Bhallstát lena mbaineann;

(b) ní mór tromlach na gceart vótála in eintiteas a bheith i seilbh gnólachtaí iniúchóireachta atá formheasta in aon Bhallstát nó ag daoine nádúrtha a chomhlíonann ar a laghad na coinníollacha maidir le hiniúchóireacht reachtúil a fhorchuirtear le hAirteagal 4, Airteagal 6(1), Airteagal 7(1), Airteagal 8(1) agus (2), Airteagal 9, Airteagal 10(1), an chéad fhomhír, Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Treoir seo. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mór na daoine nádúrtha sin a bheith formheasta i mBallstát eile freisin. Chun críche na hiniúchóireachta reachtúla ar chomharchumainn, ar bhainc choigiltis agus ar eintitis chomhchosúla dá dtagraítear in Airteagal 45 de Threoir 86/635/CEE, ar fhochuideachta comharchumainn nó comharba dlíthiúil ar chomharchumann, ar bhanc coigiltis nó ar eintiteas comhchosúil dá dtagraítear in Airteagal 45 de Threoir 86/635/CEE, féadfaidh na Ballstáit forálacha sonracha eile a leagan síos maidir le cearta vótála;

(c) ní mór tromlach na gceart vótála in eintiteas – suas le 75 % ar a mhéad – a bheith i seilbh gnólachtaí iniúchóireachta atá formheasta in aon Bhallstát nó ag daoine nádúrtha a chomhlíonann ar a laghad na coinníollacha maidir le hiniúchóireacht reachtúil a fhorchuirtear le hAirteagal 4, Airteagal 6(1), Airteagal 7(1), Airteagal 8(1) agus (2), Airteagal 9, Airteagal 10(1), an chéad fhomhír, Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Treoir seo. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mór na daoine nádúrtha sin a bheith formheasta i mBallstát eile freisin. I gcás nach bhfuil níos mó ná dhá chomhalta ag an gcomhlacht sin, ní mór do dhuine de na comhaltaí sin na coinníollacha sa phointe seo ar a laghad a chomhlíonadh;

(d) ní mór don ghnólacht an coinníoll a fhorchuirtear le hAirteagal 4 a chomhlíonadh.

Ní fhéadfaidh na Ballstáit coinníollacha breise a leagan síos ach amháin i ndáil le pointe (c). Beidh coinníollacha den sórt sin comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú agus ní rachaidh siad thar a bhfuil fíor-riachtanach.';

(2) in Airteagal 24b(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Áiritheoidh na Ballstáit, nuair is gnólacht iniúchóireachta a dhéanann dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, go n-ainmneoidh an gnólacht iniúchóireachta sin príomh-chomhpháirtí inbhuanaitheachta amháin ar a laghad nach mór dó ar a laghad na coinníollacha a fhorchuirtear le hAirteagal 4 agus Airteagail 6 go 12 a chomhlíonadh agus nach mór é a fhormheas mar iniúchóir reachtúil sa Bhallstát lena mbaineann. D'fhéadfadh sé gurb é an príomh-chomhpháirtí inbhuanaitheachta sin an príomh-chomhpháirtí iniúchóireachta (nó ceann díobh) nó na príomh-chomhpháirtithe iniúchóireachta (nó ceann díobh). Soláthróidh an gnólacht iniúchóireachta acmhainní leordhóthanacha don phríomh-chomhpháirtí inbhuanaitheachta nó do na príomh-chomhpháirtithe inbhuanaitheachta mar aon le pearsanra ag a bhfuil an inniúlacht agus na cumais is gá chun a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh go hiomchuí.';

(3) in Airteagal 26a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2027, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 48a chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin dearbhúcháin theoranta lena leagtar amach na nósanna imeachta a dhéanfaidh an t-iniúchóir nó na hiniúchóirí agus an gnólacht iniúchóireachta nó na gnólachtaí iniúchóireachta chun teacht ar chonclúidí maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear pleanáil gníomhaíochtaí, breithniú riosca agus freagairt ar rioscaí agus cineál na gconclúidí atá le háireamh sa tuarascáil dearbhúcháin maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, nó, i gcás inarb ábhartha, sa tuarascáil iniúchóireachta.

Glacfaidh an Coimisiún na caighdeáin dearbhúcháin theoranta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus an méid seo a leanas á áirithiú aige maidir leis na caighdeáin:

(a) forbraíodh iad le próis chuí cheart, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht;

(b) cuireann siad ardleibhéal inchreidteachta agus cáilíochta leis an tuairisciú inbhuanaitheachta bliantúil nó comhdhlúite; agus

(c) tá siad fabhrach do leas poiblí an Aontais.’;

(4) leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír, pointe (a):

‘(a) comhlíonann formhór chomhaltaí chomhlacht riaracháin nó bainistíochta an eintitis iniúchóireachta tríú tír ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4 go 10, cé is moite d’Airteagal 7(2), Airteagal 8(3) agus Airteagal 10(1), an dara fomhír;’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5b. Ní chuirfidh na Ballstáit míreanna 1 go 5a i bhfeidhm i ndáil le tuarascálacha dearbhúcháin a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta bliantúil nó comhdhlúite, arna n-eisiúint le haghaidh blianta airgeadais a thosaíonn le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2030, i gcásanna ina soláthraíonn an t-iniúchóir tríú tír nó an t-eintiteas iniúchóireachta lena mbaineann an méid seo a leanas d’údaráis inniúla an Bhallstáit:

(a) ainm agus seoladh an iniúchóra tríú tír nó an eintitis iniúchóireachta lena mbaineann agus faisnéis faoina struchtúr dlíthiúil;

(b) an dearbhú go bhfuair an t-iniúchóir tríú tír a shíníonn an tuarascáil dearbhúcháin eolas i réimse an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus dearbhú an mhéid sin agus an fhaisnéis maidir le leibhéal an eolais den sórt sin;

(c) i gcás gur cuid de líonra é an t-iniúchóir tríú tír nó an t-eintiteas iniúchóireachta, tuairisc ar an líonra sin;

(d) na caighdeáin dearbhúcháin agus na ceanglais a bhaineann le neamhspleáchas a cuireadh i bhfeidhm maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta lena mbaineann;

(e) tuairisc ar chóras inmheánach rialaithe cáilíochta an eintitis iniúchóireachta tríú tír a chumhdaíonn dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta; agus

(f) léiriú i dtaobh an ndearnadh an t-athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta deireanach ar an iniúchóir tríú tír nó ar an eintiteas iniúchóireachta le haghaidh na fostaíochtaí dearbhaithe inbhuanaitheachta agus cathain a rinneadh é agus an fhaisnéis is gá maidir le toradh an athbhreithnithe dearbhúcháin cáilíochta sin.

Ar an bhfaisnéis a liostaítear sa chéad fhomhír a fháil, cláróidh údaráis inniúla an Bhallstáit an t-iniúchóir tríú tír nó an t-eintiteas iniúchóireachta lena mbaineann chun tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú agus cuirfidh siad in iúl go soiléir go ndearnadh an clárú faoin gcóras clárúcháin idirthréimhseach a leagtar amach sa chéad fhomhír. Mura gcuireann an t-iniúchóir nó an t-eintiteas iniúchóireachta tríú tír lena mbaineann aon chuid den fhaisnéis a liostaítear sa chéad fhomhír ar fáil, ní chláróidh údaráis inniúla an Bhallstáit an t-iniúchóir tríú tír ná an t-eintiteas iniúchóireachta sin.';

(5) in Airteagal 48a(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 26a(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.'.

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Threoir 2013/34/AE*

Leasaítear Treoir 2013/34/AE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 29a, 29d, 30 agus 33, pointe (aa) den dara fomhír d'Airteagal 34(1), Airteagal 34(2) agus (3), agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil, ar choinníoll gur gnóthais iad na gnóthais sin, ag a bhfuil, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 29a agus 29d, ní bheidh feidhm acu maidir leis an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (SECA) a bunaíodh le Creat-Chomhaontú SECA ná maidir le táirgí airgeadais a liostaítear i bpointí (b) agus (f) de phointe (12) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

---

* Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2088/oj).’;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

‘13. Chun coigeartú le haghaidh éifeachtaí an bhoilscithe, déanfaidh an Coimisiún, ar a laghad gach 5 bliana, athbhreithniú, agus i gcás inarb iomchuí, leasú, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49, ar na tairseacha dá dtagraítear sna forálacha seo a leanas, lena gcuirtear san áireamh na bearta boilscithe arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*:

(a) míreanna 1 go 7 den Airteagal seo;

(b) an ceathrú fomhír d’Airteagal 19(1), an chéad fhomhír d’Airteagal 19a(1), an chéad fhomhír d’Airteagal 29a(1); agus

(c) an dara fomhír, an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír d’Airteagal 40a(1).’;

(3) in Airteagal 19(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘Gnóthais ag a bhfuil, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, déanfaidh siad faisnéis maidir leis na príomhacmhainní doláimhsithe a thuairisciú agus míneoidh siad conas a bhraitheann samhail ghnó an ghnóthais go bunúsach ar na hacmhainní sin agus conas is foinse cruthaithe luacha don ghnóthas iad na hacmhainní sin.’;

(4) leasaítear Airteagal 19a mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Gnóthais ag a bhfuil, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, áireoidh siad ina dtuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, d’fheidhmíocht agus do sheasamh an ghnóthais.’;

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad fhomhíre:

‘Chun críocha an tríú fomhír, an cheathrú fomhír agus an chúigiú fomhír, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘gnóthas tuairiscithe’ gnóthas a gceanglaítear air tuairisciú a dhéanamh de bhun mhír 1 den Airteagal seo;

(b) ciallaíonn ‘gnóthas faoi chosaint’ gnóthas:

(i) nach bhfuil, ar dháta a chláir comhardaithe, níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán aige le linn na bliana airgeadais roimhe sin; agus

(ii) atá i slabhra luacha gnóthais tuairiscithe;

(c) ciallaíonn ‘caighdeáin dheonacha’ na caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach amhail dá dtagraítear in Airteagal 29ca.

Féadfaidh gnóthais tuairiscithe brath ar fhéindearbhú ó ghnóthais ina slabhra luacha chun a chinneadh an gnóthais faoi chosaint iad. Ní cheanglófar ar ghnóthais tuairiscithe bearta a dhéanamh chun an fhaisnéis atá i bhféindearbhú den sórt sin a fhíorú. Mar sin féin, ní bheidh siad ag brath ar an bhféindearbhú i gcás ina bhfuil a fhios acu, nó inar féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh a fhios acu, go bhfuil an dearbhú mícheart go follasach.

Tá sé de cheart ag gnóthais faoi chosaint diúltú faisnéis a sholáthar a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha mar fhreagairt ar iarraidh a rinneadh chun críche tuairiscithe inbhuanaitheachta amhail a cheanglaítear leis an Treoir seo. Thairis sin:

(a) agus socruithe conarthacha agus socruithe eile á mbunú chun ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta na Treorach seo a chomhlíonadh, ní cheanglóidh gnóthais tuairiscithe ar ghnóthais faoi chosaint faisnéis a sholáthar a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha;

(b) ní bheidh aon fhoráil chonarthach atá contrártha le pointe (a) ceangailteach, gan difear a dhéanamh, áfach, do chineál ceangailteach na bhforálacha eile den chonradh;

(c) i gcás ina n-iarrann gnóthas tuairiscithe faisnéis, go díreach nó go hindíreach, ar ghnóthais faoi chosaint chun críche tuairiscithe inbhuanaitheachta amhail a cheanglaítear leis an Treoir seo, agus ina sáraíonn cuid den fhaisnéis sin nó an fhaisnéis uile sin an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha, áiritheoidh an gnóthas tuairiscithe sin go gcuirfear gnóthais faoi chosaint ar an eolas faoin méid seo a leanas:

    (i) cén fhaisnéis a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha; agus

(ii) ceart reachtúil na ngnóthas faoi chosaint diúltú don fhaisnéis a sholáthar;

(d) gnóthais tuairiscithe a thuairiscíonn an fhaisnéis is gá maidir leis an slabhra luacha gan aon fhaisnéis a thuairisciú ó ghnóthais faoi chosaint, a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha, meastar gur chomhlíon siad an oibleagáid i leith faisnéis maidir leis an slabhra luacha a leagtar amach sa chéad fhomhír a thuairisciú.

Níl aon ní sa cheathrú fomhír:

(a) a dhéanann difear d'iarrataí ar fhaisnéis chun críocha eile seachas chun críche tuairiscithe inbhuanaitheachta amhail a cheanglaítear leis an Treoir seo, lena n-áirítear iarrataí chun ceanglais an Aontais atá ar ghnóthais a chomhlíonadh i leith próiseas díchill chuí a dhéanamh; nó

(b) a fhorchuireann aon oibleagáid ar aon ghnóthas sa slabhra luacha i leith faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar nó a thugann le tuiscint go bhfuil an oibleagáid sin ann.

Le linn na chéad 3 bliana de bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta i gcomhréir le mír 1 agus i gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena shlabhra luacha ar fáil, míneoidh an gnóthas na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá faoina shlabhra luacha a fháil, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus a phleananna chun an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo. Tar éis na hidirthréimhse 3 bliana sin, comhlíonfaidh an gnóthas na ceanglais tuairiscithe maidir le faisnéis slabhra luacha trí úsáid a bhaint as faisnéis a fhaightear go díreach ó ghnóthais ina shlabhra luacha nó as meastacháin maidir leis an bhfaisnéis sin, de réir mar is iomchuí.';

(ii) scriostar an dara fomhír;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 á tuairisciú acu, féadfaidh gnóthais an fhaisnéis seo a leanas a fhágáil ar lár:

(a) i gcásanna eisceachtúla, faisnéis a dhéanfadh dochar tromchúiseach do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí í, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) nach gcuireann an t-easnamh sin cosc ar thuiscint chóir chothrom ar fhorbairt, ar fheidhmíocht ná ar sheasamh an ghnóthais, ná ar a phríomhrioscaí ná a phríomhthionchair;

(ii) gur chinn an gnóthas nach féidir an fhaisnéis a nochtadh ar bhealach a chuirfeadh ar a chumas cuspóirí an cheanglais maidir le nochtadh a chomhlíonadh gan dochar tromchúiseach a dhéanamh dá sheasamh tráchtála, mar shampla ar leibhéal comhiomlánaithe;

(iii) go nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine a leagtar síos san fhomhír seo; agus

(iv) go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí;

(b) faisnéis a chomhfhreagraíonn do chaipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil, fios gnó, faisnéis theicneolaíoch, nó torthaí nuálaíochta, a cháileodh mar rún trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*], ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine a leagtar síos san fhomhír seo; agus

(ii) go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí;

(c) faisnéis rúnaicmithe a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[**], ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine a leagtar síos san fhomhír seo; agus

(ii) go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí;

(d) faisnéis eile atá le cosaint ar rochtain nó ar nochtadh neamhúdaraithe mar gheall ar oibleagáidí a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais nó sa dlí náisiúnta, nó chun príobháideachas nó slándáil duine nádúrtha nó slándáil duine dhlítheanaigh a choimirciú, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine a leagtar síos san fhomhír seo; agus

(ii) go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí.

______________

* Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint ar fháil, ar úsáid agus ar nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1) (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj).

** Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).';

(c) scriostar míreanna 6 agus 7;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

'10. Beidh feidhm ag an díolúine a leagtar amach in mír 9 freisin maidir le heintitis leasa phoiblí atá faoi réir cheanglais an Airteagail seo.';

(5) leasaítear Airteagal 29a mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Máthairghnóthais grúpa ag a bhfuil, ar dháta a chláir comhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, áireoidh siad sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, d'feidhmíocht agus do sheasamh an ghrúpa.';

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad fhomhíre:

‘Chun críocha an tríú fomhír, an cheathrú fomhír agus an chúigiú fomhír, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘gnóthas tuairiscithe’ gnóthas a gceanglaítear air tuairisciú a dhéanamh de bhun mhír 1 den Airteagal seo;

(b) ciallaíonn ‘gnóthas faoi chosaint’ gnóthas:

(i) nach bhfuil, ar dháta a chláir comhardaithe, níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán aige le linn na bliana airgeadais roimhe sin; agus

(ii) atá i slabhra luacha gnóthais tuairiscithe;

(c) ciallaíonn ‘caighdeáin dheonacha’ na caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach amhail dá dtagraítear in Airteagal 29ca.

Féadfaidh gnóthais tuairiscithe brath ar fhéindearbhú ó ghnóthais ina slabhra luacha chun a chinneadh an gnóthais faoi chosaint iad. Ní cheanglófar ar ghnóthais tuairiscithe bearta a dhéanamh chun an fhaisnéis atá i bhféindearbhú den sórt sin a fhíorú. Mar sin féin, ní bheidh siad ag brath ar an bhféindearbhú i gcás ina bhfuil a fhios acu, nó inar féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh a fhios acu, go bhfuil an dearbhú mícheart go follasach.

Tá sé de cheart ag gnóthais faoi chosaint diúltú faisnéis a sholáthar a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha mar fhreagairt ar iarraidh a rinneadh chun críche tuairiscithe inbhuanaitheachta amhail a cheanglaítear leis an Treoir seo. Thairis sin:

(a) agus socruithe conarthacha agus socruithe eile á mbunú chun ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta na Treorach seo a chomhlíonadh, ní cheanglóidh gnóthais tuairiscithe ar ghnóthais faoi chosaint faisnéis a sholáthar a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha;

(b) ní bheidh aon fhoráil chonarthach atá contrártha le pointe (a) ceangailteach, gan difear a dhéanamh, áfach, do chineál ceangailteach na bhforálacha eile den chonradh;

(c) i gcás ina n-iarrann gnóthas tuairiscithe faisnéis, go díreach nó go hindíreach, ar ghnóthais faoi chosaint chun críche tuairiscithe inbhuanaitheachta amhail a cheanglaítear leis an Treoir seo, agus ina sáraíonn cuid den fhaisnéis sin nó an fhaisnéis uile sin an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha, áiritheoidh an gnóthas tuairiscithe sin go gcuirfear gnóthais faoi chosaint ar an eolas faoin méid seo a leanas:

    (i) cén fhaisnéis a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha; agus

(ii) ceart reachtúil na ngnóthas faoi chosaint diúltú don fhaisnéis a sholáthar;

(d) gnóthais tuairiscithe a thuairiscíonn an fhaisnéis is gá maidir leis an slabhra luacha gan aon fhaisnéis a thuairisciú ó ghnóthais faoi chosaint a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin dheonacha, meastar gur chomhlíon siad an oibleagáid i leith faisnéis maidir leis an slabhra luacha a leagtar amach sa chéad fhomhír a thuairisciú.

Níl aon ní sa cheathrú fomhír:

(a) a dhéanann difear d'iarrataí ar fhaisnéis chun críocha eile seachas chun críche tuairiscithe inbhuanaitheachta amhail a cheanglaítear leis an Treoir seo, lena n-áirítear iarrataí chun ceanglais an Aontais atá ar ghnóthais a chomhlíonadh i leith próiseas díchill chuí a dhéanamh; nó

(b) a fhorchuireann aon oibleagáid ar aon ghnóthas sa slabhra luacha i leith faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar nó a thugann le tuiscint go bhfuil an oibleagáid sin ann.

Le linn na chéad 3 bliana de bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta i gcomhréir le mír 1 agus i gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena shlabhra luacha ar fáil, míneoidh an máthairghnóthas na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá faoina shlabhra luacha a fháil, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus a phleananna chun an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo. Tar éis na hidirthréimhse 3 bliana sin, comhlíonfaidh an máthairghnóthas na ceanglais tuairiscithe maidir le faisnéis slabhra luacha trí úsáid a bhaint as faisnéis a fhaightear go díreach ó ghnóthais ina shlabhra luacha nó as meastacháin maidir leis an bhfaisnéis sin, de réir mar is iomchuí.';

(ii) scriostar an dara fomhír;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 á tuairisciú acu, féadfaidh máthairghnóthais an fhaisnéis seo a leanas a fhágáil ar lár:

(a) i gcásanna eisceachtúla, faisnéis a dhéanfadh dochar tromchúiseach do sheasamh tráchtála an ghrúpa dá nochtfaí í, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) nach gcuireann an t-easnamh sin cosc ar thuiscint chóir chothrom ar fhorbairt, ar fheidhmíocht ná ar sheasamh an ghrúpa, ná ar a phríomhrioscaí ná a phríomhthionchair;

(ii) gur chinn an máthairghnóthas nach féidir an fhaisnéis a nochtadh ar bhealach a chuirfeadh ar a chumas cuspóirí an cheanglais maidir le nochtadh a chomhlíonadh, gan dochar tromchúiseach a dhéanamh do sheasamh tráchtála an ghrúpa, mar shampla ar leibhéal comhiomlánaithe;

(iii) go nochtann an máthairghnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine a leagtar síos san fhomhír seo; agus

(iv) go ndéanann an máthairghnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí;

(b) faisnéis a chomhfhreagraíonn do chaipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil, fios gnó, faisnéis theicneolaíoch, nó torthaí nuálaíochta, a cháileodh mar rún trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go nochtann an máthairghnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine a leagtar síos san fhomhír seo; agus

(ii) go ndéanann an máthairghnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí;

(c) faisnéis rúnaicmithe a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/2418, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go nochtann an máthairghnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine a leagtar síos san fhomhír seo; agus

(ii) go ndéanann an máthairghnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí;

(d) faisnéis eile atá le cosaint ar rochtain nó ar nochtadh neamhúdaraithe mar gheall ar oibleagáidí a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais nó sa dlí náisiúnta, nó chun príobháideachas nó slándáil duine nádúrtha nó slándáil duine dhlítheanaigh a choimirciú, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go nochtann an máthairghnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine a leagtar síos san fhomhír seo; agus

(ii) go ndéanann an máthairghnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí.';

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'4a. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcásanna ina bhfuil athrú tagtha ar chomhdhéanamh an ghrúpa le linn na bliana airgeadais de bharr éadálacha nó cumaisc gnóthas, féadfaidh an máthairghnóthas a chinneadh gan an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo maidir le gnóthais atá faoi réir éadála nó cumaisc a áireamh sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a bhaineann leis an mbliain airgeadais sin.

De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an máthairghnóthas a chinneadh gan an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo maidir le haon fhoghnóthas a imíonn ón ngrúpa le linn na bliana airgeadais a áireamh sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite.

Máthairghnóthas a fheidhmíonn na roghanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír nó sa dara fomhír, tabharfaidh sé le fios aon teagmhas suntasach a rinne difear don fhoghnóthas le linn na bliana airgeadais agus a bhfuil tionchar aige ar thionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta nó ar rioscaí nó deiseanna an ghrúpa a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta.';

(d) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘7a. De mhaolú ar mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh máthairghnóthais, ar gnóthais sealbhaíochta airgeadais iad a bhfuil samhlacha gnó agus oibríochtaí a bhfochuideachtaí neamhspleách ar a chéile, a roghnú gan an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a áireamh ina dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Beidh feidhm ag an díolúine a leagtar síos i mír 8 freisin maidir le heintitis leasa phoiblí atá faoi réir cheanglais an Airteagail seo.’;

(6) leasaítear Airteagal 29b mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar an tríú fomhír, an ceathrú fomhír agus an séú fomhír;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheofar leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta cáilíocht na faisnéise tuairiscithe, trína cheangal go bhfuil sí intuigthe, ábhartha, infhíoraithe, inchomparáide agus go léirítear í ar bhealach dílis. Seachnófar leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ualach riaracháin nó airgeadais díréireach a fhorchur ar ghnóthais, lena n-áirítear trína chur san áireamh, a mhéid is mó is féidir, obair na dtionscnamh domhanda maidir le caighdeáin a leagan síos le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta mar a cheanglaítear le pointe (a) de mhír 5 agus tríd an oiread comhleanúnachais agus is féidir le ceanglais i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais a áirithiú. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, tabharfar tosaíocht, a mhéid is féidir, do nochtadh faisnéise cainníochtúla, agus an t-ualach ar ghnóthais agus riachtanais na n-úsáideoirí á gcur san áireamh.’;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Cuirfear san áireamh sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta na deacrachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag gnóthais agus faisnéis á bailiú ó ghníomhaithe ar feadh a slabhra luacha, go háirithe uathu siúd nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 19a nó 29a agus ó sholáthróirí i margaí agus geilleagair i mbéal forbartha. Sonrófar sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta nochtaí maidir le slabhraí luacha atá comhréireach agus ábhartha do chumais agus saintréithe na ngnóthas i slabhraí luacha, agus do scála agus castacht a ngníomhaíochtaí, go háirithe na cinn sin de na gnóthais sin nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta in Airteagal 19a nó 29a. Le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, ní shonrófar nochtaí lena gceanglófaí ar ghnóthais aon fhaisnéis a fháil ó ghnóthais ina slabhra luacha nach bhfuil, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán acu le linn na bliana airgeadais, a sháraíonn an fhaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca.’;

(7) scriostar Airteagal 29c;

(8) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 29ca*

*Caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach*

1. Chun tuairisciú deonach ar fhaisnéis inbhuanaitheachta ag gnóthais a éascú, ar gnóthais iad nach bhfuil, ar dháta a gcláir chomhardaithe, níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán acu le linn na bliana airgeadais roimhe sin, agus chun teorainn a chur leis an bhfaisnéis a d'fhéadfaí a cheangal ar na gnóthais sin sa slabhra luacha chun críocha na Treorach seo, tabharfar de chumhacht den Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49, caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú le haghaidh úsáid dheonach faoin … [4 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

2. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, bunófar na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar Mholadh (AE) 2025/1710 ón gCoimisiún[*], ina leagan bunaidh. Beidh siad comhréireach agus ábhartha freisin i leith acmhainneachtaí agus shaintréithe na ngnóthas a bhfuil siad ceaptha lena n-aghaidh agus i leith scála agus chastacht a ngníomhaíochtaí. Sonrófar iontu freisin, a mhéid is féidir, an struchtúr atá le húsáid chun an fhaisnéis inbhuanaitheachta sin a thíolacadh.

3. Déanfaidh an Coimisiún, gach 4 bliana ar a laghad tar éis dháta a gcur i bhfeidhm, athbhreithniú ar na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inar gá, leasóidh sé iad chun forbairtí atá ábhartha don tuairisciú inbhuanaitheachta a chur san áireamh.

4. Agus athbhreithniú ar na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach á dhéanamh aige de bhun mhír 3, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh.

---

* Moladh (AE) 2025/1710 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2025 maidir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta deonach le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2025/1710, 5.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1710/oj).';

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29d:

'*Airteagal 29d*

*Formáid tuairiscithe leictreonach aonair*

1. Ullmhóidh gnóthais atá faoi réir cheanglais Airteagal 19a den Treoir seo a dtuarascáil bhainistíochta san fhormáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún* agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear sa Rialachán Tarmligthe sin. Go dtí go nglacfar na rialacha sin maidir le marcáil trí bhíthin an Rialacháin Tharmligthe sin, ní cheanglófar ar ghnóthais a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil.

2. Ullmhóidh máthairghnóthais atá faoi réir cheanglais Airteagal 29a a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite san fhormáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear sa Rialachán Tarmligthe sin. Go dtí go nglacfar na rialacha sin maidir le marcáil trí bhíthin an Rialacháin Tharmligthe sin, ní cheanglófar ar mháthairghnóthais a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil.

* Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaí aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/815/oj).';

(10) cuirtear an Chaibidil seo a leanas isteach:

**'Caibidil 6c**

**Bearta tacaíochta digití**

*Airteagal 29e*

*Tairseach dhigiteach le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta*

Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le tairseach thiomnaithe trínar féidir le gnóthais rochtain a fháil ar fhaisnéis, ar threoraíocht agus ar thacaíocht, lena n-áirítear teimpléid ábhartha, maidir leis an gcreat tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantach agus deonach dá dtagraítear sa Treoir seo. Beidh an tairseach idirnasctha le bearta tacaíochta ar líne arna soláthar ag na Ballstáit, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, chun an comhthéacs náisiúnta a san áireamh.

*Airteagal 29f*

*Tuarascáil ar réitigh theicneolaíocha le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta*

Déanfaidh an Coimisiún, faoin … [24 mhí ó theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le réitigh theicneolaíocha le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta, lena n-áirítear tionscnaimh lena gcuirfear ar a gcumas do ghnóthais sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú ar bhealach slán, rianúil agus uathoibrithe.';

(11) in Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhaineann le gnóthas, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, as a áirithiú go ndéanfar na doiciméid seo a leanas a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus, i gcás inarb infheidhme, leis na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815, leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 29b den Treoir seo, agus le ceanglais Airteagal 29d den Treoir seo:

(a) na ráitis airgeadais bhliantúla, an tuarascáil bhainistíochta agus an ráiteas rialachais chorparáidigh nuair a soláthraítear ar leithligh é; agus

(b) na ráitis airgeadais chomhdhlúite, an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite agus an ráiteas rialachais chorparáidigh comhdhlúite nuair a soláthraítear ar leithligh é.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach mbeidh freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhaineann le gnóthais, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, as a áirithiú go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta, nó an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, de réir mar is infheidhme, a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 29d.';

(12) leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

(a) i mír 1, an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (aa):

'(aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a chur in iúl bunaithe ar ghníomhaíocht dearbhúcháin theoranta a mhéid a bhaineann le comhlíonadh an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais na Treorach seo, lena n-áirítear comhlíonadh an tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh de bhun Airteagal 29b, an próiseas a chuir an gnóthas i bhfeidhm chun an fhaisnéis a tuairiscíodh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a shainaithint, agus comhlíonadh an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil i gcomhréir le hAirteagal 29d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852;';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ullmhófar an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), agus lánurraim á tabhairt do cheart na ngnóthas sa slabhra luacha nach bhfuil, ar dhátaí a gclár comhardaithe, níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán acu le linn na bliana airgeadais roimhe sin chun diúltú d’aon fhaisnéis a sholáthar don ghnóthas tuairiscithe a sháraíonn an fhaisnéis a shonraítear sna caighdeáin le haghaidh úsáid dheonach dá dtagraítear in Airteagal 29ca.’;

(13) in Airteagal 40a, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir le foghnóthais ag a bhfuil, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 200 000 000 sa bhliain airgeadais roimhe sin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú agus an chúigiú fomhír:

‘Ní bheidh feidhm ag an riail dá dtagraítear sa tríú fomhír ach amháin maidir le brainse i gcás nach bhfuil foghnóthas dá dtagraítear sa chéad fhomhír ag an ngnóthas tríú tír, agus i gcás inar ghin an brainse glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 200 000 000 sa bhliain airgeadais roimhe sin.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ná ag an tríú fomhír maidir leis na foghnóthais nó na brainsí dá dtagraítear sna fomhíreanna sin ach amháin i gcás inar ghin an gnóthas tríú tír, ar a leibhéal grúpa, nó, murab infheidhme, ar an leibhéal aonair, glanláimhdeachas san Aontas ar mó é ná EUR 450 000 000 i gcás gach ceann den 2 bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile.';

(c) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an tríú fomhír, i gcás inar gnóthas sealbhaíochta airgeadais é an gnóthas tríú tír a bhfuil samhlacha gnó agus oibríochtaí gnó a fhochuideachtaí neamhspleách ar a chéile, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na fochuideachtaí agus na brainsí a chinneadh gan an tuarascáil inbhuanaitheachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa tríú fomhír a fhoilsiú agus a dhéanamh inrochtana.';

(14) leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), d'Airteagal 3(13), in Airteagail 29b agus 40b, agus Airteagal 46(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 5 Eanáir 2023. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil i leith tharmligean na cumhachta a tharraingt suas. Cuirfear síneadh le tarmligean na cumhachta go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina aghaidh sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas

'2a Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 3(13) agus in Airteagal 29ca a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ón … [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), Airteagal 3(13), Airteagail 29b, 29ca agus 40b, agus Airteagal 46(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh cúlghairme, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.';

(d) leasaítear mír 3b mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh de bhun Airteagal 29b, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh, ar choinníoll:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle go comhpháirteach le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852, agus leis an gCoiste Rialála Cuntasaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, maidir leis na dréachtghníomhartha tarmligthe sula nglacfar iad, dá dtagraítear in Airteagal 29b den Treoir seo.';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tséú fomhír:

‘Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an mBanc Ceannais Eorpach, le Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe arna bhunú de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir leis an gcomhairle theicniúil arna soláthar ag EFRAG roimh ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 29b den Treoir seo. Má chinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 2 mhí ón dáta a rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leo.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(2), Airteagal 3(13), Airteagal 29b, 29ca nó 40b, nó Airteagal 46(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’.

*Airteagal 3*

*Leasuithe ar Threoir (AE) 2022/2464*

Leasaítear Treoir (AE) 2022/2464 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2026:';

(ii) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) maidir le gnóthais ag a bhfuil, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais;';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) maidir le máthairghnóthais grúpa ag a bhfuil, ar dhátaí a chláir comhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais;’;

(iii) scriostar pointe (c);

(b) leasaítear an tríú fomhír mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2026’;

(ii) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) maidir le heisitheoirí mar a shainmhínítear i bpointe (d) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2004/109/CE ar gnóthais iad ag a bhfuil, ar dhátaí a gcláir comhardaithe, glanláimhdeachas ar mó ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais;’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) maidir le heisitheoirí mar a shainmhínítear i bpointe (d) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2004/109/CE ar máthairghnóthais grúpa iad ag a bhfuil, ar dhátaí a chláir comhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 450 000 000 agus níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais;';

(iii) scriostar pointe (c);

(c) cuirtear an fomhír seo a leanas leis:

'De mhaolú ar phointe (a) den chéad fhomhír agus ar phointe (a) den tríú fomhír, féadfaidh na Ballstáit gnóthais nó eisitheoirí nach mó a nglanláimhdeachas ná EUR 450 000 000 nó nach bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán acu le linn na bliana airgeadais, ar bhonn comhdhlúite, i gcás inarb infheidhme, a dhíolmhú ó na bearta is gá chun Airteagal 1 a chomhlíonadh, cé is moite de phointe (14), agus d'Airteagal 2, le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2026.';

(2) in Airteagal 6, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) measúnú ar líon na ngnóthas a úsáideann na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 29ca de Threoir 2013/34/AE go deonach;

(c) measúnú i dtaobh ar cheart raon feidhme na bhforálacha a leasaítear leis an Treoir leasaitheach seo a leathnú agus conas é sin a dhéanamh, go háirithe i ndáil le gnóthais mhóra ag a bhfuil glanláimhdeachas nach mó é ná EUR 450 000 000 agus líon fostaithe ar an meán nach mó é ná 1000 le linn na bliana airgeadais, chomh maith le gnóthais tríú tír a oibríonn go díreach ar mhargadh inmheánach an Aontais gan foghnóthas ná brainse ar chríoch an Aontais;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Foilseofar an tuarascáil a bhaineann le pointí (a), (b), (d) agus (e) den chéad fhomhír faoin 30 Aibreán 2029 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, agus beidh tograí reachtacha ag gabháil léi, más iomchuí. Foilseofar an tuarascáil a bhaineann le pointe (c) den chéad fhomhír faoin 30 Aibreán 2031 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, agus beidh tograí reachtacha ag gabháil léi, más iomchuí.’.

*Airteagal 4*

*Leasuithe ar Threoir (AE) 2024/1760*

Leasaítear Treoir (AE) 2024/1760 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) oibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus leis na hoibríochtaí arna ndéanamh ag a gcomhpháirtithe gnó i slabhraí gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin; agus

(b) dliteanas i leith sáruithe ar na hoibleagáidí dá dtagraítear i bpointe (a).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní bheidh an Treoir seo ina foras chun laghdú a dhéanamh ar an leibhéal cosanta do chearta an duine, do chearta fostaíochta agus sóisialta, ná do chosaint an chomhshaoil ná na haeráide dá bhforáiltear le dlí náisiúnta na mBallstát nó leis na comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme tráth glactha na Treorach seo. Mar sin féin, ní chuirfidh an chéad abairt den mhír seo cosc ar na Ballstáit ó aon dlíthe náisiúnta i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach is infheidhme tráth glactha na Treorach seo a choigeartú, go háirithe a raon feidhme, d’fhonn iad a ailíniú leis an Treoir seo.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Ní dhéanann an Treoir seo difear do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta a bhaineann le hábhair seachas na hábhair sin a leagtar amach i mír 1. Go sonrach, ní dhéanann na rialacha dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 difear do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta a bhaineann le cearta an duine, cearta fostaíochta nó sóisialta, ná do chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide cé is moite d’oibleagáidí ginearálta díchill chuí.’;

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) bhí níos mó ná 5 000 fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas domhanda ar mó é ná EUR 1 500 000 000 aici sa bhliain airgeadais dheireanach ar glacadh ráitis airgeadais bhliantúla ina leith nó ar cheart ráitis airgeadais bhliantúla a bheith glactha ina leith’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) chuaigh an chuideachta isteach i ngrúpa nó is í an mháthairchuideachta deiridh ar ghrúpa í an chuideachta a rinne comhaontuithe saincheadúnais nó ceadúnúcháin san Aontas i gcomaoin ríchíosanna le cuideachtaí neamhspleácha tríú páirtí, i gcás ina n-áirithítear leis na comhaontuithe sin céannacht choiteann, coincheap comhchoiteann gnó agus cur i bhfeidhm modhanna gnó aonfhoirmeacha, agus i gcás inar mhó na ríchíosanna sin ná EUR 75 000 000 sa bhliain airgeadais dheireanach ar glacadh ráitis airgeadais bhliantúla ina leith nó ar cheart ráitis airgeadais bhliantúla a bheith glactha ina leith, agus ar choinníoll go raibh máthairchuideachta deiridh ar ghrúpa ag an gcuideachta nó gur máthairchuideachta deiridh ar ghrúpa í an chuideachta ag a raibh glanláimhdeachas domhanda ar mhó é ná EUR 275 000 000 sa bhliain airgeadais dheireanach ar glacadh ráitis airgeadais bhliantúla ina leith nó ar cheart ráitis airgeadais bhliantúla a bheith glactha ina leith.’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ghin an chuideachta glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 1 500 000 000 san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) chuaigh an chuideachta isteach i ngrúpa nó is í an mháthairchuideachta deiridh ar ghrúpa í an chuideachta a rinne comhaontuithe saincheadúnais nó ceadúnúcháin san Aontas i gcomaoin ríchíosanna le cuideachtaí neamhspleácha tríú páirtí, i gcás ina n-áirithítear leis na comhaontuithe sin céannacht choiteann, coincheap comhchoiteann gnó agus cur i bhfeidhm modhanna gnó aonfhoirmeacha, agus i gcás inar mhó na ríchíosanna sin ná EUR 75 000 000 san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach; agus ar choinníoll gur ghin an chuideachta, nó gur máthairchuideachta deiridh ar grúpa í an chuideachta a ghin, glanláimhdeachas ar mó é ná EUR 275 000 000 san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach.';

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘3. I gcás ina bhfuil sealbhú scaireanna i bhfochuideachtaí oibríochtúla mar phríomhghníomhaíocht ag an máthairchuideachta deiridh agus nach ndéanann sí cinntí bainistíochta, oibríochtúla ná airgeadais a dhéanann difear don ghrúpa ná do cheann amháin nó níos mó dá fhochuideachtaí, féadfar í a dhíolmhú ó na hoibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh. Tá an díolúine sin faoi réir an choinníll go n-ainmnítear ceann d’fhochuideachtaí na máthairchuideachta deiridh atá bunaithe san Aontas chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 6 go 16 a chomhlíonadh thar ceann na máthairchuideachta deiridh, lena n-áirítear oibleagáidí na máthairchuideachta deiridh maidir le gníomhaíochtaí a fochuideachtaí. Sa chás sin, tugtar na modhanna agus an t-údarás dlíthiúil uile is gá don fhochuideachta ainmnithe chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach, go háirithe chun a áirithiú go bhfaighidh an fhochuideachta ainmnithe an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha ó chuideachtaí an ghrúpa chun oibleagáidí na máthairchuideachta deiridh faoin Treoir seo a chomhlíonadh.’;

(3) leasaítear Airteagal 3(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (n):

‘(n) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí agus a comhpháirtithe gnó, agus a gceardchumainn agus ionadaithe oibrithe, agus daoine aonair nó pobail a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta, a fochuideachtaí agus a comhpháirtithe gnó difear díreach dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfaidís difear a dhéanamh dóibh, agus ionadaithe dlisteanacha na ndaoine aonair nó na bpobal sin;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (u):

‘(u) ciallaíonn ‘tosca riosca’ fíorais, cásanna nó imthosca a bhaineann le déine agus dóchúlacht drochthionchair, lena n-áirítear fíorais, cásanna nó imthosca ar leibhéal an chomhpháirtí gnó, amhail i dtaobh nach cuideachta é an comhpháirtí gnó a chumhdaítear leis an Treoir seo nó le gníomhartha dlí inchomparáide eile i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht shainordaitheach; ar leibhéal na tíreolaíochta agus an chomhthéacs, amhail leibhéal fhorfheidhmiú an dlí maidir le cineál an drochthionchair; agus ar leibhéal na n-earnálacha, na n-oibríochtaí gnó, agus na dtáirgí agus na seirbhísí;’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

*Leibhéal an chomhchuibhithe*

1. Gan dochar d'Airteagal 1(2) agus (3), ní thabharfaidh na Ballstáit isteach, ina ndlí náisiúnta, forálacha laistigh den réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol nach bhfuil i gcomhréir leo siúd a leagtar síos in Airteagail 6, 8 agus 9, in Airteagal 10(1) go (5), in Airteagal 11(1) go (6) agus in Airteagail 14 go 16.

2. D'ainneoin mhír 1, ní chuirfidh an Treoir seo bac ar na Ballstáit forálacha níos déine a thabhairt isteach, ina ndlí náisiúnta, atá éagsúil leis na forálacha sin a leagtar síos i bhforálacha seachas Airteagail 6, 8 agus 9, Airteagal 10(1) go (5), Airteagal 11(1) go (6) agus Airteagail 14 go 16, nó forálacha atá níos sonraí ó thaobh an chuspóra nó an réimse de a chumhdaítear, lena n-áirítear trí tháirgí, seirbhísí nó cásanna sonracha a rialáil, chun leibhéal cosanta atá éagsúil i ndáil le cearta an duine, cearta fostaíochta agus cearta sóisialta, an comhshaol nó an aeráid a bhaint amach.';

(5) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar do mháthairchuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 7 go 16 a chomhlíonadh thar ceann cuideachtaí ar fochuideachtaí na máthairchuideachtaí sin iad agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, má áirithítear comhlíonadh éifeachtach leis sin. Tá an méid sin gan dochar do na fochuideachtaí sin a bheith faoi réir fheidhmiú chumhachtaí an údaráis maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 25 agus dá ndliteanas sibhialta i gcomhréir le hAirteagal 29.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) i gcás inarb ábhartha, lorgaíonn an fhochuideachta dearbhuithe conarthacha ó chomhpháirtí gnó díreach i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (b), nó Airteagal 11(3), pointe (c), lorgaíonn sí dearbhuithe conarthacha ó chomhpháirtí gnó indíreach i gcomhréir le hAirteagal 10(4) nó le hAirteagal 11(5) agus déanann sí an caidreamh gnó a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 10(6) nó le hAirteagal 11(7).';

(c) scriostar mír 3;

(6) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Mar chuid den oibleagáid a leagtar amach i mír 1, déanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun an méid seo a leanas a dhéanamh, agus tosca riosca ábhartha á gcur san áireamh acu, lena n-áirítear fíorais, cásanna nó imthosca ar leibhéal an chomhphháirtí gnó, amhail i dtaobh nach cuideachta é an comhpháirtí gnó a chumhdaítear leis an Treoir seo nó le gníomhartha dlí inchomparáide eile i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht shainordaitheach; ar leibhéal na tíreolaíochta agus an chomhthéacs, amhail leibhéal fhorfheidhmiú an dlí maidir le cineál an drochthionchair; agus ar leibhéal na n-earnálacha, na n-oibríochtaí gnó, agus na dtáirgí agus na seirbhísí:

(a) cleachtadh scóipe a chur i gcrích, atá bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta agus air sin amháin, chun réimsí ginearálta a shainaithint ar fud a n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina mbaineann siad lena slabhraí gníomhaíochtaí, oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó inar dóchúla drochthionchair a bheith ann agus a bheith ar na drochthionchair is déine;

(b) bunaithe ar thorthaí an chleachtaidh scóipe dá dtagraítear i bpointe (a), measúnú domhain a dhéanamh sna réimsí inar sainaithníodh drochthionchair a bheith níos dóchúla agus níos déine.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘2a. Áiritheoidh na Ballstáit, chun críocha an mheasúnaithe dhomhain dá dtagraítear i mír 2, pointe (b):

(a) nach bhféadfaidh cuideachtaí faisnéis a iarraidh ar chomhpháirtithe gnó ach amháin i gcás ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin, agus, i gcás comhpháirtithe gnó ag a bhfuil níos lú ná 5 000 fostaí, nach bhféadfaidh siad faisnéis a iarraidh ach amháin i gcás nach féidir an fhaisnéis a fháil go réasúnach ar bhealaí eile;

(b) i gcás inar féidir an fhaisnéis is gá a fháil ó chomhpháirtithe gnó éagsúla, go dtabharfaidh cuideachtaí tosaíocht d’iarraidh faisnéise, i gcás inar réasúnach, go díreach ón gcomhpháirtí gnó nó ó na comhpháirtithe gnó inar dóchúla na drochthionchair a bheith ann;

(c) i gcás ina sainaithnítear drochthionchair a bheith chomh dóchúil céanna agus chomh dian céanna i roinnt réimsí, féadfaidh cuideachtaí tosaíocht a thabhairt do mheasúnú a dhéanamh ar na réimsí sin a bhfuil baint ag comhpháirtithe gnó díreacha leo.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a shainaithint agus a mheasúnú bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha, réitigh dhigiteacha, tionscnaimh thionscail agus il-gheallsealbhóra agus faisnéis a bhailítear tríd an sásra fógra agus an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 14.’;

(d) scriostar mír 4;

(7) in Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4. I gcás ina ndéantar cinntí tosaíochta i gcomhréir leis an Airteagal seo, díreach toisc nár tugadh aghaidh ar dhrochthionchar nach bhfuil chomh suntasach sin, ní bheidh an chuideachta neamhchosanta ar phionóis de bhun Airteagal 27.’;

(8) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. A mhéid a bhaineann le drochthionchair fhéideartha dá dtagraítear i mír 1 nach rabhthas in ann a chosc ná a mhaolú ar bhealach leormhaith leis na bearta a leagtar amach i míreanna 2, 4 agus 5, déanfaidh an chuideachta an méid seo a leanas, mar rogha dheireanach agus go dtí go dtabharfar aghaidh ar an tionchar sin:

(a) staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh le comhpháirtí gnó, nó ó chaidreamh atá ann cheana a leathnú le comhpháirtí gnó, ar i dtaca leis an gcomhpháirtí sin nó lena shlabhra gníomhaíochtaí a tháinig an tionchar chun cinn;

(b) i gcás ina bhfuil sí i dteideal amhlaidh faoin dlí lena rialaítear a caidreamh leis an gcomhpháirtí gnó lena mbaineann, an caidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann a chur ar fionraí, lena n-áirítear d’fhonn a giaráil a úsáid nó a mhéadú, agus

(c) plean gníomhaíochta coisctheach feabhsaithe maidir leis an drochthionchar sonrach a ghlacadh agus a chur chun feidhme gan moill mhíchuí, ar choinníoll go bhfuil ionchas réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí den sórt sin.

Fad a bheidh ionchas réasúnta ann go n-éireoidh leis an bplean gníomhaíochta coisctheach feabhsaithe, ní bheidh an chuideachta neamhchosanta ar phionóis de bhun Airteagal 27 ná ar dhliteanas faoi Airteagal 29 toisc leanúint de bheith i dteagmháil leis an gcomhpháirtí gnó.

Sula gcuirfear caidreamh gnó ar fionraí, déanfaidh an chuideachta measúnú i dtaobh an féidir a mheas go réasúnta go mbeidh na drochthionchair a eascraíonn as caidreamh gnó a chur ar fionraí níos déine ná an drochthionchar nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go leormhaith. Dá mb'amhlaidh an cás é, ní cheanglófar ar an gcuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí agus beidh sí in ann tuairisc a thabhairt don údarás inniúil maoirseachta faoi na cúiseanna cuí-réasúnaithe le cinneadh den sórt sin.

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha chun an caidreamh gnó a chur ar fionraí i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, cé is moite de chonarthaí ina bhfuil oibleagáid dlí ar na comhpháirtithe iad a dhéanamh.

I gcás ina gcinnfidh an chuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí, déanfaidh sí bearta chun tionchair na fionraí a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo, tabharfaidh sí fógra réasúnta don chomhpháirtí gnó lena mbaineann agus coimeádfaidh sí an cinneadh sin faoi athbhreithniú.

I gcás ina gcinnfidh an chuideachta gan an caidreamh gnó a chur ar fionraí de bhun an Airteagail seo, déanfaidh sí faireachán ar an drochthionchar féideartha agus déanfaidh sí measúnú tréimhsiúil ar a cinneadh agus i dtaobh an bhfuil bearta iomchuí breise ar fáil.';

(9) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. A mhéid a bhaineann le drochthionchair iarbhír dá dtagraítear i mír 1 nach bhféadfaí deireadh a chur leo nó nach bhféadfaí a méid a íoslaghdú leis na bearta a leagtar amach i míreanna 3, 5 agus 6, déanfaidh an chuideachta an méid seo a leanas, mar rogha dheireanach agus go dtí go dtabharfar aghaidh ar an tionchar sin:

(a) staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh le comhpháirtí gnó, nó ó chaidreamh atá ann cheana a leathnú le comhpháirtí gnó, ar i dtaca leis an gcomhpháirtí sin nó lena shlabhra gníomhaíochtaí a tháinig an tionchar chun cinn;

(b) i gcás ina bhfuil sí i dteideal amhlaidh faoin dlí lena rialaítear a caidreamh leis an gcomhpháirtí gnó lena mbaineann, an caidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann a chur ar fionraí, lena n-áirítear d'fhonn a giaráil a úsáid nó a mhéadú, agus

(c) plean gníomhaíochta ceartaitheach feabhsaithe maidir leis an drochthionchar sonrach a ghlacadh agus a chur chun feidhme gan moill mhíchuí, ar choinníoll go bhfuil ionchas réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí den sórt sin.

Fad a bheidh ionchas réasúnta ann go n-éireoidh leis an bplean gníomhaíochta ceartaitheach feabhsaithe, ní bheidh an chuideachta neamhchosanta ar phionóis de bhun Airteagal 27 ná ar dhliteanas faoi Airteagal 29 toisc leanúint de bheith i dteagmháil leis an gcomhpháirtí gnó.

Sula gcuirfear caidreamh gnó ar fionraí, déanfaidh an chuideachta measúnú i dtaobh an féidir a mheas go réasúnta go mbeidh na drochthionchair a eascraíonn as caidreamh gnó a chur ar fionraí go follasach níos déine ná an drochthionchar nach bhféadfaí deireadh a chur leis nó a mhéid nach bhféadfaí a íoslaghdú go leormhaith. Dá mb'amhlaidh an cás é, ní cheanglófar ar an gcuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí agus beidh sí in ann tuairisc a thabhairt don údarás inniúil maoirseachta faoi na cúiseanna cuí-réasúnaithe le cinneadh den sórt sin.

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha chun an caidreamh gnó a chur ar fionraí i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, cé is moite de chonarthaí ina bhfuil oibleagáid dlí ar na comhpháirtithe iad a dhéanamh.

I gcás ina gcinnfidh an chuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí, déanfaidh sí bearta chun tionchair na fionraí a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo, tabharfaidh sí fógra réasúnta don chomhpháirtí gnó lena mbaineann agus coimeádfaidh sí an cinneadh sin faoi athbhreithniú.

I gcás ina gcinnfidh an chuideachta gan an caidreamh gnó a chur ar fionraí de bhun an Airteagail seo, déanfaidh sí faireachán ar an drochthionchar iarbhír agus déanfaidh sí measúnú tréimhsiúil ar a cinneadh agus i dtaobh an bhfuil bearta iomchuí breise ar fáil.';

(10) in Airteagal 13, leasaítear mír 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Rachfar i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha ag na céimeanna seo a leanas den phróiseas díchill chuí:';

(b) scriostar pointe (c) agus pointe (e);

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

'*Airteagal 15*
*Faireachán*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí agus ar a mbearta féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí gníomhaíochtaí na cuideachta, ar oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó, chun an cur chun feidhme a mheasúnú agus faireachán a dhéanamh ar a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. Beidh na measúnuithe sin bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad gan moill mhíchuí tar éis athrú suntasach a bheith ann, ach gach 5 bliana ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnta ann chun a chreidiúint nach bhfuil na bearta leormhaith ná éifeachtach a thuilleadh nó go bhfuil rioscaí nua ann nó go bhféadfadh rioscaí nua a theacht chun cinn go dtarlódh na drochthionchair sin. I gcás inarb iomchuí, déanfar an beartas díchill chuí, na drochthionchair arna sainaithint agus na bearta iomchuí a díorthaíodh a nuashonrú i gcomhréir le toradh na measúnuithe sin agus aird chuí á tabhairt ar fhaisnéis ábhartha ó gheallsealbhóirí.';

(12) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'Faoin 31 Márta 2029, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 34 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí inneachar agus critéir an tuairiscithe faoi mhír 1 a leagan síos, lena sonrófar, go háirithe, faisnéis atá mionsonraithe go leor faoin tuairisc ar dhícheall cuí, drochthionchair fhéideartha agus iarbhír arna sainaithint agus bearta iomchuí arna ndéanamh maidir leis na tionchair sin. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á n-ullmhú aige, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh de bhun Airteagail 29b agus 40b de Threoir 2013/34/AE, agus déanfaidh sé iad a ailíniú de réir mar is iomchuí leis na caighdeáin sin.

Agus na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír á nglacadh aige, áiritheoidh an Coimisiún nach mbeidh aon dúbláil sna ceanglais tuairiscithe le haghaidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a)(iii), atá faoi réir ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/2088, agus fós na hoibleagáidí íosta a shonraítear sa Treoir seo á gcoinneáil go hiomlán.';

(13) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Ón 1 Eanáir 2031, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí, nuair atá an ráiteas bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 16(1) den Treoir seo á phoibliú acu, an ráiteas sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo an tráth céanna chun é a dhéanamh inrochtana ar an bpointe rochtana aonair Eorpach (ESAP), arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/2859.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Faoin 31 Nollaig 2030, chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhéanamh inrochtana ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit comhlacht bailiúcháin amháin ar a laghad, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2023/2859, agus tabharfaidh siad fógra don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ina leith sin.';

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

'*Airteagal 18*
*Clásail chonarthacha shamplacha*

Chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun comhlíonadh Airteagal 10(2), pointe (b) agus Airteagal 11(3), pointe (c) a éascú, glacfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, treoraíocht maidir le clásail chonarthacha shamplacha dheonacha, faoin 26 Iúil 2027.';

(15) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) i mír 2, scriostar pointe (b);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Glacfar na treoirlínte dá dtagraítear i mír 2, pointí (a), (d) agus (e) faoin 26 Iúil 2027. Glacfar na treoirlínte dá dtagraítear i mír 2, pointí (f) agus (g) faoin 26 Iúil 2028.';

(16) scriostar Airteagal 22;

(17) leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás maoirseachta amháin nó níos mó chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos i bhforálacha an dlí náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagail 7 go 16.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Faoin 26 Iúil 2028, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi ainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta arna n-ainmniú de bhun an Airteagail seo, mar aon lena n-inniúlachtaí faoi seach i gcás ina bhfuil roinnt údaráis mhaoirseachta ainmnithe ann. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe a dhéanfar orthu.’;

(18) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cumhachtaí agus acmhainní leormhaithe ag na húdaráis mhaoirseachta chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht chun a cheangal ar chuideachtaí faisnéis a sholáthar agus imscrúduithe a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 7 go 16 a dhéanamh.’;

(19) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

4. Eiseoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht chun cabhrú leis na húdaráis mhaoirseachta leibhéal na bpionós a chinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo. Áiritheoidh na Ballstáit go socrófar an uasteorainn le haghaidh pionóis airgid ag 3 % de ghlanláimhdeachas domhanda na cuideachta sa bhliain airgeadais roimh bhliain an chinnidh an fhíneáil a ghearradh nó, i gcás máthairchuideachtaí deiridh dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (b) agus (c), agus in Airteagal 2(2), pointí (b) agus (c), 3 % den ghlanláimhdeachas domhanda comhdhlúite arna ríomh ar leibhéal na máthairchuideachta deiridh, sa bhliain airgeadais roimh bhliain an chinnidh an fhíneáil a ghearradh.';

(20) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás ina bhfuil cuideachta faoi dhliteanas de bhun an dlí náisiúnta i leith damáiste a dhéantar do dhuine nádúrtha nó dlítheanach mar gheall ar mhainneachtain na ceanglas díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag na daoine sin cúiteamh iomlán a fháil. Ní bheidh róchúiteamh mar thoradh ar chúiteamh iomlán, bíodh sin trí dhamáistí pionósacha, iolracha nó cineálacha eile damáistí.';

(c) i mír 3, scriostar pointe (d);

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Cuideachtaí a bhí rannpháirteach i dtionscnaimh earnála nó i dtionscnaimh il-gheallsealbhóra, nó a d’úsáid fíorú neamhspleách tríú páirtí nó clásail chonarthacha chun tacú le cur chun feidhme oibleagáidí díchill chuí, féadfar iad a chur faoi dhliteanas fós i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.’;

(e) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Beidh dliteanas sibhialta cuideachta i leith damáistí dá dtagraítear san Airteagal seo gan dochar do dhliteanas sibhialta a fochuideachtaí ná aon chomhpháirtí gnó díreacha nó indíreacha i slabhra gníomhaíochtaí na cuideachta.’;

(f) scriostar mír 7;

(21) leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an na foclaíochta tosaigh:

‘Faoin 26 Iúil 2031, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus maidir lena héifeachtacht agus lena héifeachtúlacht i ndáil lena cuspóirí a bhaint amach, go háirithe i dtaobh aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí. Déanfar measúnú sa chéad tuarascáil, inter alia, ar na saincheisteanna seo a leanas:’;

(ii) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fleasc:

‘– i dtaobh an gá athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha maidir leis an láimhdeachas ábhartha agus, i gcás cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht Ballstáit, líon na bhfostaithe a leagtar síos in Airteagal 2 agus i dtaobh an gá cur chuige earnáilsonrach a thabhairt isteach in earnálacha ardriosca, agus, go háirithe, i dtaobh ar cheart cuideachtaí ag a bhfuil láimhdeachas ábhartha ar mó é ná EUR 450 000 000 agus, i gcás cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht Ballstáit, ag a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais agus, sa bhreis air sin, cuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardriosca a chumhdach leis an Treoir seo;’;

(iii) scriostar pointe (e);

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) éifeachtacht shásraí forfheidhmiúcháin arna gcur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear a n-éifeachtaí cosantacha ar shealbhóirí ceart.’;

(22) in Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin 26 Iúil 2028. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 26 Iúil 2029 cé is moite de na bearta is gá chun Airteagal 16 a chomhlíonadh, ar bearta iad a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2030 nó ina dhiaidh sin.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Cinnfidh na Ballstáit an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.’.

*Airteagal 5*

*Trasuí*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagail 1, 2 agus 3 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin … [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Cuirfidh siad téacs na bearta sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a thabhairt i bhfeidhm a bhfuil gá leo chun Airteagal 4 a chomhlíonadh faoin 26 Iúil 2028. Cuirfidh siad téacs na bearta sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí leis an tagairt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 6*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 7*

*Seolaithe*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in/sa …, …

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*